AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

DO BHOIRD BHAINISTÍOCHTA BUNSCOILE

Lámhleabhar Eolais

Samhain, 2007

Nóta: Tá sé i gceist go mbainfear úsáid as an leabhrán seo mar threoir amháin, agus d'fhéadfadh an t-ábhar athrú le himeacht ama de réir mar a thugtar reachtaíocht agus ciorcláin nua isteach. Cuireadh le chéile é mar bhailiúchán eolais chun cabhrú le boird bhainistíochta. Ní théann an treoir seo in ionad na ndoiciméad bunaidh agus níl stádas ciorcláin aige.

Féadfar aon fhiosrúcháin maidir leis an doiciméad seo a sheoladh chuig an seoladh thíos.

An Rannóg Riaracháin Bunoideachais 2
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

Teileafón (090) - 648 3721
648 3722
648 3723
648 3724
648 3725
648 4125

Samhain, 2007.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

DO BHOIRD BHAINISTÍOCHTA BUNSCOILE

Lámhleabhar Eolais

Samhain, 2007



Clár na nÁbhar

1. **Creat Dlíthiúil**
   - (a) An tAcht Oideachais, 1998 agus An tAcht Oideachais (Leas), 2000
   - (b) Bunreacht na mBord agus Rialacha um Nósanna Imeachta
   - (c) An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004
   - (d) Reachtaíocht a bhaineann le bunscoileanna
   - (e) Eagraíochtaí Oideachais
2. **Forbhreathnú**
3. **Téarma Oifige do Bhoird Bhainistíochta**
4. **Ballraíocht na mBord**
5. **An Pátrún agus an tAcht Oideachais**
6. **Oiliúint do Bhoird**
7. **Creat le haghaidh Dea-Chleachtais**
8. **Comhalta Boird a Chur as Oifig/Díscaoileadh Boird**
9. **An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003**
10. **An Bord agus Leas na Múinteoirí agus foireann na scoile**
    - (a) An Bord mar Fhostóir
    - (b) Ról an Phríomhoide
    - (c) Ciapadh/Ionsaithe ar an Láthair Oibre
    - (d) Seiceáil
    - (e) Promhadh na Foirne Múinteoireachta (Ciorclán 0140/2006)
    - (f) Cruinnithe Foirne
    - (g) An Córas Éileamh Ar Líne le haghaidh Bunscoileanna
    - (h) Ceapadh Cúntóirí Riachtanas Speisialta
    - (i) Dul i gComhairle le Múinteoirí
    - (j) Fostú Múinteoirí Bunscoile
    - (k) Coinníollacha Oibre Múinteoirí Bunscoile

11. An Bord agus Leas na nDaltaí

(a) Soláthar Foirne Bunscoile
(b) Rolluithe Bailí
(c) Alt 9 den Acht Oideachais
(d) Treoirlínte maidir le Cosaint Leanaí
(e) Cód Iompraíochta agus Araíonachta
(f) Soláthar Faisnéise do Dhaltaí
(g) Rollú
(h) Aois chun Tosú ar Scoil
(i) Daltaí a Choinneáil sa Scoil
(j) Dalta a Dhíchur ó scoil/rolla/asitriú daltaí
(k) Díbirt dalta
(l) Maoirseacht ar dhaltaí
(m) Cóir Leighis a Thabhairt do Dhaltaí
(n) Treoir Reiligiúnach

12. Tuismitheoirí mar Chomhpháirtithe san Oideachas

(a) Cumainn Thuismitheoirí
(b) Bailiú Cistí
(c) Nósanna Imeachta maidir le Gearáin
(d) An Bord Speisialta um Achomhairc Oideachais
(e) Tuairiscí Scoile/Tuairiscí Dul Chun Cinn
(f) Cruinnithe Tuismitheoirí is Múinteoirí

13. Sláinte agus Sábháilteacht

14. Árachas

15. An Scoilbhliain

16. Airgeadas

17. Foirgnimh/Cóiríocht

18. An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Lámhleabhar Eolais

1. Creat Dlíthiúil

(a) An tAcht Oideachais, 1998 agus An tAcht Oideachais (Leas), 2000
Nóta: (Féach láithreán gréasáin na Roinne i gcomhair an téacs iomlán den Acht Oideachais, 1998 ag www.education.ie)

Is píosaí tábhachtacha reachtaíochta iad **An tAcht Oideachais, 1998 agus An tAcht Oideachais (Leas), 2000** a leagann amach an creat rialála don córas oideachas atá againn. Is uirlisí riachtanacha iad an dá phíosa reachtaíochta do Bhoird Bhainistíochta agus iad ag rialú scoileanna.

Léiríonn **Alt 7** den Acht Oideachais feidhmeanna rialála na hAire Oideachais agus Eolaíochta.

Forálann an tAcht go mbeidh na cumhachtaí ar fad ag an Aire atá riachtanach nó fóirsteanach chun dul i mbun a c(h)uid feidhmeanna. Forálann an tAcht go bhfuil an t-Aire freagrach as maoiniú agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do scoileanna aitheanta, agus gur gá dó/di na hacmhainní atá ar fáil, an soláthar oideachais agus oiliúna a chuireann gníomhaíochtaí eile ar fáil, an riachtanas léiriú a thabhairt ar éagsúlacht na seirbhísí oideachais agus cleachtais reatha a thógáil san áireamh agus é seo á dhéanamh.

Tá an tAire freagrach as aitheantas a thabhairt do scoileanna nua, agus déanfar breithniú ar iarratas ar aitheantas ó scoil nua molta, ag tógáil an méid seo a leanas san áireamh: inmharthanacht, an é an cás nach féidir leis na scoileanna reatha sa cheantar freastal réasúnta a dhéanamh ar riachtanais na ndaltaí, an curaclam atá le leanúint agus má chomhaontaíonn pátrún na scoile nua molta comhoibriú le cigireacht agus measúnú rialta agus rialacháin eile gur féidir leis an Aire a leagan síos ó am go chéile. Bíonn comhthoradh i gceist freisin sa mhéid is gur féidir leis an Aire aitheantas scoile a tharraingt siar.

Sonraíonn Alt 7(1)

(a) gurb í feidhm an Aire ná "a chinntiú, faoi réir fhorálacha an Achta seo, go gcuirfear ar fáil do gach duine a chónaíonn sa Stát, lena n-áirítear duine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais aige nó aici, seirbhísí taca agus leibhéal agus cáilíocht oideachais is cuí chun freastal ar riachtanais agus cumais an duine sin.

(b) an beartas náisiúnta oideachais a chinneadh, agus

(c) pleanáil agus comheagrú a dhéanamh
  (i) ar sholáthar an oideachais i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais, agus
  (ii) ar sheirbhísí taca....."

Faoi **Alt 8** den Acht Oideachais, 1998, caithfidh gach scoil Pátrún cláraithe a bheith aici a bheidh freagrach as Bord Bainistíochta éifeachtach a cheapadh. Aithnítear Boird Bhainistíochta faoi Alt 14 agus 15 den Acht Oideachais, 1998.

Cé go bhfuil freagracht ag baill de na Boird cinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm sa scoil chun a ndaltaí a choinneáil slán, níl siad faoi dhliteanas pearsanta maidir le héilimh a dhéantar in aghaidh na scoile. **Sonraíonn Alt 14(7) den Acht Oideachais, 1998 "Ach amháin mar a fhoráiltear leis an Acht seo, ní beidh aon ábhar caingne ann in aghaidh comhalta boird i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun an Achta seo nó aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo."** Cosnaíonn sé seo comhaltaí aonair atá ag gníomhú de mheon macánta agus de réir nósanna imeachta atá leagtha síos nó comhaontaithe ó bheith inagartha.

(b) Bunreacht na mBord agus Rialacha um Nósanna Imeachta

Caithfidh Boird Bhainistíochta cloí le Bunreacht na mBord agus Rialacha um Nósanna Imeachta a athbhreithnítear ó am go chéile agus a chomhaontaítear trí phlé idir ionadaithe ó na heagraíochtaí bainistíochta bunscoile, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Cumann Múinteoirí Éireann, Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann (LPBÉ) agus an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Bunbhrainse).

Cuirfear leabhrán athbhreithnithe chuig na boird bhainistíochta ar fad ag teacht suas chuig athrú na mbord i mí na Nollag 2007. Ba chóir do Bhoird a bheith ar an eolas faoi ábhar an lámhleabhair athbhreithnithe agus cinntiú go dtugtar cóip do gach comhalta den bhord.

(c) An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004

Achtaíodh an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 i mí Iúil 2004. Déanann an tAcht foráil d'fheabhsúcháin bhreise sna seirbhísí atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga agus tá an ceart ar Phlean Oideachais Aonair agus chun leas a bhaint as próiseas neamhspleách achomhairc ag céimeanna difriúla san áireamh ann. Déanann sé foráil do chomhoibriú seirbhísí idir na hearnálacha sláinte agus oideachais freisin chomh maith le ról a sholáthar don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) sa reachtaíocht phríomhúil.

Tá an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu á chuir i bhfeidhm ar bhonn chéimnithe, agus chuir an CNOS a Tuarascáil Cur i bhFeidhm faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíocht ai mí Dheireadh Fómhair 2006, de réir mar a theastaíonn faoin Acht. Leagann an tuarascáil amach dearcadh agus moltaí na Comhairle maidir le plean chun an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 a chuir i bhfeidhm, ina measc próisis achomhairc agus measúnaithe a bhunú. Cé go ndíríonn an tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, féachtar ar chur i bhfeidhm Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005 agus an riachtanas go mbeidh comhoibriú dlúth idir na hearnálacha sláinte agus oideachas le go gcuirfear an dá acht i bhfeidhm i gceart. Chun é seo a dhéanamh bunaíodh foireann idir-earnála le hionadaíocht thar ceann oifigigh sinsearacha sa dá earnáil.

(d) Reachtaíocht/Rialacha a bhaineann le bunscoileanna

- An tAcht Oideachais 1998
- An tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007
- An tAcht Oideachas (Leas) 2000
- An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001
- Rialacha do Scoileanna Náisiúnta
- An tAcht Míchumas 2005
- An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004
- An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994
- An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 agus 2004
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003
- Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-93
- An tAcht um Íoc Pá 1991
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Páirtaimseartha) 2001
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003

(e) Teagmhálacha Úsáideacha

- **An Roinn Oideachais agus Eolaíochta,**
  Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, Teil: 01 873 4700
- **An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais,**
  16-22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8738600 nó 1890 36 36 66
- **An Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas,**
  Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9. Teil: 01 700 8200
- **An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta,**
  24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 661 7177
- **An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais,**
  Cúirt Fhreidric, 24/27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Teil: 01 889 2700
- **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta www.ncse.ie**
  1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. Na Mí. Teil: 046 948 6400
- **Seirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta,**
  f/ch Ionad Oideachais agus Tacaíochta Chorcaí, Bóthar an Iarthair, Corcaigh.
  Teil: 1850 200 884
- **An Chomhairle Mhúinteoireachta,**
  Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 6517900
- **Seirbhís Pleanála d'Fhorbair Scoile (Bunscoile),**
  Oifig SDPS, Ionad Oideachais Dhroim Conrach, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.
  Teil: 01 8576427
- **Clár Tacaíochta an Churaclaim Bunscoile,**
  Foirgneamh SIAC, Bóthar na Mainistreach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.
  Teil: (01) 464 2227 / 4642305 / 464 2306
- **Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta,**
  22 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6340831

2. Forbhreathnú

D'fhreastail ár gcóras bainistíochta scoile reatha go maith orainn go dtí seo. Ciallaíonn sé go bhfuil ról láidir ag an bpobal sa chaoi go ritear scoileanna agus gur féidir le Pátrúin cinntiú go gcuirtear a n-éiteas chun cinn ina gcuid scoileanna. Leagann córas mar seo atá bunaithe go háitiúil go leor freagrachta ar chomhaltaí boird agus tá an Roinn ag iarraidh cinntiú go gcuirtear an oiliúint agus na tacaíochtaí eile atá ag teastáil chun freagrachtaí na gcomhaltaí boird a chomhlíonadh ar fáil.

Tá na freagrachtaí ginearálta atá ag Bord Bainistíochta leagtha síos sa reachtaíocht mar a léirítear thuas. Tá sé intuigthe sna rialacháin seo go bhfuil freagracht ann timpeallacht oibre a chruthú a chuireann foghlaim agus leas na ndaltaí chun cinn agus a éascaíonn forbairt ghairmiúil agus leas na foirne scoile. Is ceist do Bord Bainistíochta scoile iad cúrsaí beartais a bhaineann le bainistiú pearsanra.

3. Téarma Oifige do Bhoird Bhainistíochta

Ceaptar Boird Bhainistíochta do théarma ceithre bliana de réir Bunreacht na mBord agus Rialacha um Nósanna Imeachta. Tá Boird nua le bheith ceaptha ar an 1 Nollaig 2007 agus fanfaidh sé in áit ar feadh tréimhse ceithre bliana go dtí an 30 Nollaig 2011.

Tá sé úsáideach do chomhaltaí Boird breithniú a dhéanamh ar an ról ar leith atá acu ag tús a dtéarma oifige. D'fhéadfadh comhaltaí Boird plé a dhéanamh ar chuspóirí a dtéarma oifige, a mbeadh forbairt na scoile agus an Bhoird Bainistíochta é féin i gceist leis. Léirítear feidhmeanna ar leith a bhíonn idir lámha ag an mBord agus iad ag comhlíonadh a ról sa lámhleabhar seo.

Ba chóir an méid a chuireann gach comhalta den Bhord leis a aithint, a dhearbhú, a mheas agus a spreagadh.

Caithfear cabhrú le comhaltaí Boird tuiscint agus glacadh leis go bhfuil freagracht ar bhainistíocht na scoile orthu, faoi réir ag a freagracht don Phátrún agus faoi réir ag na rialacháin leagtha síos ag an Roinn.

4. Ballraíocht na mBord

a) Do scoileanna le foireann aitheanta de **níos mó ná múinteoir amháin**

2 ainmnithe díreacha an Phátrúin
2 Ionadaithe Múinteoirí
2 Ionadaithe Tuismitheoirí
2 Ionadaithe an Phobail

b) Do scoileanna le foireann aitheanta de **mhúinteoir amháin**

ainmní díreach an Phátrúin amháin
Príomhoide na Scoile
Ionadaí Tuismitheoirí amháin
Ionadaí an Phobail amháin

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach toscairí dá dtoghthóirí iad na comhaltaí Boird. Níl dualgas ar bith acu tuairisc a thabhairt ar ais dá dtoghthóirí ná treorú a fháil uatha maidir le cén chaoi le vótáil ag cruinnithe. Is féidir le tuairisciú mar sin a bheith ag sárú riachtanas rúndachta 8(a) den Bhunreacht. Is ceist do gach Bord í cinneadh a dhéanamh ar an méid gur féidir a thuairisciú, agus, sa mhéid seo, tá sé inmholta go gcaithfear le cúrsaí pearsanra, airgeadais agus pearsanta go lánrúnda ach amháin má shocraíonn an Bord a mhalairt.

5. An Pátrún agus an tAcht Oideachais

Sonraíonn an tAcht Oideachais go gcomhlíonfaidh pátrún na scoile na feidhmeanna, agus go bhfeidhmeoidh sé nó sí na cumhachtaí a thugtar don phátrún faoin Acht Oideachais agus cibé feidhmeanna agus cumhachtaí eile a thugtar don phátrún le haon Acht den Oireachtas nó le haon ionstraim arna déanamh faoin gcéanna, nó le haon ghníomhas, cairt, airteagail bhainistíochta nó ionstraim eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile. (Alt 8 (6)).

Tríd síos an Achta tá tagairt faoi dhul i mbun comhairle le roinnt grúpaí sula ndéantar cinntí nó sular gcuirtear nósanna imeachta in áit. Tá pátrúin i measc na ngrúpaí le dul i mbun comhairle leo.

Leagann Alt 14 amach an dualgas atá ag pátrúin bord bainistíochta a cheapadh chun a chinntiú go ndéanfar scoil a bhainistiú le meon comhpháirtíochta. Tá dualgas ag an mbord dul i mbun comhairle leis an bpátrún maidir le nósanna imeachta agus caithfidh sé treorú an phátrúin a leanúint de réir mar is cuí. Gníomhaíonn an bord ar son an phátrúin agus é i mbun na scoile agus is féidir leis an bpátrún, le toiliú an Aire, bord a dhíscaoileadh nó comhalta a chur as oifig nuair nach bhfuil an bord ag tacú le héiteas na scoile nó nuair a sháraíonn comhalta aonair na nósanna imeachta. (Tag. Ailt 14, 16 agus 17 den Acht Oideachais, 1998)

Caithfidh an bord bainistíochta dul i mbun comhairle leis an bpátrún sula bhfoilsítear aon straitéisí nó pleananna ar leith [alt 15 (2)(c), go háirithe 15(2)(d)] cosúil le beartas maidir le daltaí a ligean isteach nó cód iompraíochta. Tá na rudaí seo comhchuimsithe i bhforbairt an phlean scoile mar a dhéantar cur síos air in alt 21. Caithfear dul i mbun comhairle leis an bpátrún faoi ullmhú an phlean scoile a leagfaidh amach ráiteas beartais agus straitéisí na scoile.

Beidh ar Phátrúin breithniú a dhéanamh ar a mbeartais féin maidir leis an gcaoi go dtoileoidh siad leis na rudaí seo. Tá pleananna scoile an-tábhachtach ní i gcomhair forbairt agus eagrú na scoileanna aonair amháin ach is féidir tagairt a dhéanamh leo sa chás go ndéanann tuismitheoirí gearáin faoin scoil nó nuair atá cúis ghearáin ag múinteoirí faoina bhfostaíocht féin nó nuair a dhéantar agóid in aghaidh gníomh na scoile.

Eascraíonn údarás bhord bainistíochta aonair óna bheith ceaptha ag an bPátrún (alt 14 (1)). Tá tagairt déanta cheana don cheart atá ag pátrún comhalta a chur as oifig nó bord bainistíochta a dhíscaoileadh le toiliú an Aire. Ach is tábhachtaí fós, b'fhéidir, go bhfuiltear ag súil go dtabharfar gach faisnéis maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an bhoird don phátrún (alt 19(4)).

Ag an mbunleibhéal tá an ceart ag an bpátrún toiliú nó gan toiliú le ceapadh gach baill den fhoireann mhúinteoireachta. Tá sé tábhachtach go dtabharfar comhairle faoi dhearcadh an phátrúin d'aon bhord roghnúcháin maidir le critéir cheapacháin ar leith. Is ceart tábhachtach

é seo agus léirítear leis an ceart atá ag an bpátrún an bord roghnúcháin a cheapadh (duine amháin i gcás múinteoir ranga: beirt ainmnithe chun príomhoide a roghnú. (Féach Aguisín D den Bhunreacht do bhoird bhainistíochta, leagan 2007). Ba chóir do Phátrúin dearbhú foirmiúil scríofa a fháil ón mbord roghnúcháin agus ón mbord bainistíochta gur leanadh na nósanna imeachta comhaontaithe.

Leagann spiorad sainiúil na scoile síos cur chuige agus fealsúnacht i gcomhair forbairt scoile agus tá an ceart ag an bpátrún an spiorad sainiúil sin a threorú agus cinntiú go dtacaíonn an bord agus an fhoireann leis an éiteas atá forbartha sa scoil sin de réir treoracha an phátrúin. Tá seiceáil agus comhardú eile a chaithfear tógáil san áireamh áfach agus leagtar amach iad i gcuspóirí an Achta (alt 6) agus sna feidhmeanna scoile (alt 9). I scoileanna ina bhfuil gníomhas éagsúlachta cúnantaíonn na hiontaobhaithe leis an bPátrún go ndéanfar bainistíocht ar an scoil de réir an éiteas a leagann amach an pátrún agus de réir rialacha agus rialúcháin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Is faoin bpátrún atá sé iarratas ar aitheantas don scoil a dhéanamh leis an Aire (alt 10) agus geallúint a thabhairt go gcuirfidh an scoil an curaclam faofa a eisíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil. Sa chás go bhfuil an tAire ag moladh go ndúnfar scoil beidh air/uirthi an pátrún agus na páirtithe eile a chur ar an eolas faoi (alt 11(1)).

Caithfidh Pátrúin a chinntiú go bhfuil an oiliúint agus an comhairle ceart ag na comhaltaí, go háirithe ionadaithe an phátrúin, agus go bhfuil a fhios ag na boird bhainistíochta gur gá dul i mbun comhairle leis an bpátrún nuair a thagann ceisteanna chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ina gcnámh spairne.

Tá sé tábhachtach go mbeadh Pátrúin réamhghníomhach ag iarraidh ar scoileanna deimhniú go bhfuil siad ag cloí le reachtaíocht cuí. Iarrann roinnt Pátrún

a) cóipeanna de ráitis faoin spioraid sainiúil, faoi bheartas chun daltaí a ligean isteach agus faoin gcód iompar – tá naisc acu seo lena gcéile agus i gcásanna áirithe rinne siad iarratas ar athruithe roimh thoiliú leis na mbeartais
b) cuntais bhliantúla – ag iarraidh deimhniú go bhfuil iniúchadh nó deimhniú déanta orthu de réir alt 18 den Acht Oideachais
c) tuarascáil bhliantúil a bhaineann le halt 20 den Acht.

   Ba chóir do phátrúin iarraidh ar aon scoil a bhfuil tuarascáil mheasúnaithe scoile iomlán déanta aici cóip den dhréacht-tuarascáil a chur ar fáil don phátrún.

6. Creat le haghaidh Dea-Chleachtais

Tá sé tábhachtach roinnt de na feidhmeanna agus freagrachtaí atá ag Bord Bainistíochta a léiriú. Tá páirt ghníomhach i mbainistiú na scoile ag gach comhalta den bhord. Cabhróidh Bunreacht na mBord agus Rialacha um Nósanna Imeachta le boird chun creat le haghaidh Dea-Chleachtais a shocrú.

Mar a sonraítear tríd síos an doiciméid seo, caithfidh comhaltaí boird a bheith sásta tacú agus seasamh le cultúr, éiteas agus tradisiúin na scoil. B'fhéidir gur mhaith le comhaltaí iad féin a chur ar an eolas faoin sceideal don scoile mar a léirítear sa Gníomhas Éagsúlachta é (féach lámhleabhar CPSMA).

Ba chóir an t-ualach oibre a roinnt go cothrom idir na comhaltaí boird ar fad. Ba chóir cuireadh a thabhairt do chomhaltaí boird nua páirt a ghlacadh sa phlé agus san obair ar fad. Ba chóir go bhfaigheadh na comhaltaí boird nua cabhair ó na comhaltaí boird a bhfuil níos mó taithí acu chun foghlaim faoi fheidhmeanna an bhoird agus an caidreamh idir an bord agus daltaí, múinteoirí, an fhoireann, an pátrún, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Cumann Múinteoirí Éireann, an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann (LPBÉ) agus na hEagraíochtaí Bainistíochta a dhéanann ionadaíocht thar ceann na bPátrún.

Beidh an clár oibre do gach cruinniú boird dírithe ar na ceisteanna a bhfuil tionchar acu ar an scoil. Ba chóir taifead a dhéanamh ar na cinntí a nglactar leo ag gach cruinniú boird i leabhar miontuairiscí.

Is é ról an cathaoirleach ná cabhrú leis an mBord Bainistíochta le clár gnó a bhfuil sé mar aidhm aige teacht ar chomhcinntí freagracha. Tar éis comhaontú a dhéanamh fúthu, seasfaidh na comhaltaí boird ar fad leo mar chuid den fhreagracht comhchoiteann.

Ba chóir don Bhord Bainistíochta iarracht a dhéanamh cinntiú go bhfuil caidreamh maith oibre idir na páirtithe leasmhara cuí taobh istigh de phobail na scoile. Faoin Acht Oideachais caithfidh an Bord cabhrú le tuismitheoirí Cumann Tuismitheoirí a bhunú. Cabhróidh an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Bunbhrainse) le boird é seo a dhéanamh. Is féidir eolas a fháil ó Phríomhoifig na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, 12 Cúirt Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1. Teil: 01 8874034

Chomh maith, tá treoirlínte maidir le nósanna imeachta le haghaidh dea-chleachtas ullmhaithe idir an LPBÉ agus an CPSMA agus tá siad le fáil ó cheachtar den dá eagraíocht sin.

7. Oiliúint do Bhoird

Mar aitheantas ar an bhfreagracht atá leagtha ar Bhoird Bhainistíochta ag an Acht Oideachais agus go bhfuil an timpeallacht ina n-oibríonn siad atá ag éirí níos casta, tá scéim nua forbartha ag Rannóg Oideachais an Mhúinteora de chuid na Roinne chun tacaíochta a sholáthar d'eagraíochtaí bainistíochta scoile ar mhaithe le hoiliúint agus forbairt boird bhainistíochta agus iad ag comhlíonadh a ndualgas. Tá sé seo comhsheasmhach le tosaíochtaí náisiúnta agus de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tá an scéim seo riartha tríd Ionad Oideachais Dhroim Conrach.

Tá oibleagáid ar Phátrúin freisin oiliúint a chur ar fáil do Bhoird Bhainistíochta. Tugann an Roinn, an Pátrún agus na hEagraíochtaí Bainistíochta Bunscoile tacaíocht do bhoird i gcomhair oiliúna mar seo. Nuair atá oiliúint ag teastáil ó Bhord ba chóir dó dul i dteagmháil le hOifig an Phátrúin agus na hEagraíochtaí Bainistíochta difriúla a bhaineann leis atá aige.

8. Baill a chur as an Bord/Díscaoileadh Bord

De réir Alt 16 den Acht Oideachais, is féidir le Pátrún comhalta Boird a chur as oifig ar chúis mhaith bailí. Bheadh sárú rúndachta nó teip ar bhaint dhíreach i gceist a bhí roimh an Bord a nochta san áireamh sa chúis mhaith bailí. (Féach Ailt 8 agus 15 den Bhunreacht agus Rialacha um Nósanna Imeachta).

Sonraíonn Alt 16 den Acht Oideachais 1998:

(1) Faoi réir an ailt seo agus thoiliú an Aire, féadfaidh an pátrún –

(a) ar chúiseanna maithe bailí, a shonrófar i scríbhinn do chomhalta de bhord bainistíochta, an comhalta sin a chur as an oifig sin, nó
(b) más deimhin leis nó léi nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, an bord sin a dhíscaoileadh.

Ní féidir le Pátrún Bord Bainistíochta a dhíscaoileadh ach amháin más deimhin leis nó léi nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach. Má chinneann Pátrún nach bhfuil an Bord ag comhlíonadh a fheidhmeanna, cuirfidh an pátrún in iúl don Bhord go bhfuil sé i gceist é a dhíscaoileadh trí fhógra i scríbhinn agus na cúiseanna atá leis agus tabharfar tréimhse míosa amháin don Bhord chun uiríll a dhéanamh.

Sonraíonn Alt 16(3) den Acht "Más rud é, ag deireadh tréimhse míosa amháin tar éis dháta an fhógra dá bhforáiltear i bhfo-alt (2), go mbeidh an pátrún, tar éis aon uiríll a bheidh déanta chuige nó chuici ag an gcomhalta nó ag an mbord, nó thar ceann ceachtar acu, a bhreithniú, fós den tuairim gur ceart an comhalta a chur as oifig nó gur ceart an bord a dhíscaoileadh, ansin féadfaidh an pátrún, faoi réir cheadú an Aire agus trí fhógra i scríbhinn ina sonrófar tuairim an phátrúin agus na cúiseanna atá léi, an comhalta a chur as oifig nó an bord a dhíscaoileadh, de réir mar is cuí.

Agus an Pátrún ag súil le díscaoileadh, ba chóir dó nó di cead a fháil ón Aire bainisteoir aonair/eagraíocht bhainistíochta a ceapadh agus is féidir leis an duine nó leis an eagraíocht sin an scoil a bhainistiú agus feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta a chomhlíonadh ar feadh tréimhse suas go sé míosa. Ag an bpointe sin, nó roimhe, caithfidh an Pátrún an Bord Bainistíochta a athbhunú de réir na nósanna imeachta a leagtar amach sa Bhunreacht agus sna Treoirlínte do Bhoird Bhainistíochta.

Nuair a chreideann an Pátrún go bhfuil sé cuí go mbeadh an bainisteoir aonair/eagraíocht bainistíochta i mbun na scoile ar feadh aon thréimhse níos faide na sé míosa, chaithfeadh an Pátrún cead a fháil ón Aire sa mhodh a léirítear thuas.

Sonraíonn Alt 16(7):

Déanfaidh an pátrún socrú, de réir alt 14, chun bord a bheidh díscaoilte faoi fho-alt (1) a athbhunú tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an díscaoilte nó cibé tréimhse is faide ná sin is

cuí leis an bpátrún, le toiliú an Aire, agus nuair a bheidh an bord nua bunaithe, déanfar feidhmeanna an bhoird dhíscaoilte a athdhílsiú don bhord nua agus scoirfidh na feidhmeanna sin de bheith ina bhfeidhmeanna de chuid an duine nó an chomhlachta daoine, más ann, a ceapadh faoi fho-alt (5).

9. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Nuair atá faisnéis á bailiú ó thuismitheoirí, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le rollú, ba chóir do Bhoird Bhainistíochta a bheith ar an airdeall agus a bheith feasach ar na hoibleagáidí atá acu a eascraíonn ó na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus an riachtanas atá ann cinntiú go gcloítear go hiomlán leis na hAchtanna maidir le bailiú, úsáid agus nochtadh aon sonraí pearsanta a ndéantar próiseáil uathoibríoch orthu. Mar gheall gur faoin scoil aonair, institiúid nó eagraíocht oideachais atá an fhreagracht cloí leis an Acht agus é a chur i bhfeidhm, ba chóir do na heagraíochtaí seo a bheith go hiomlán feasach ar fhorálacha an Achta.

Tá an tAcht deartha chun príobháideachas daoine aonair a chosaint maidir le sonraí pearsanta uathoibrithe agus feidhm a thabhairt sa tír seo do Coinbhinsiún chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch (1981) de chuid Comhairle na hEorpa.

Caithfear cead a fháil i gcónaí ó thuismitheoirí/daltaí aonair sula scaiptear nó sula scaoiltear sonraí pearsanta maidir leis na daoine aonair sin.

10.Leas na Múinteoirí agus foireann na scoile

(a) An Bord mar Fhostóir

Bainistíonn an Bord an scoil ar son an Phátrúin, de réir Alt 15 den Acht Oideachais. Tá foráil in Alt 24 (1) den Acht Oideachais gur féidir le Bord Bainistíochta "cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh mar mhúinteoirí agus mar fhoireann eile scoile a mheasfaidh an bord ó am go ham is gá chun a chumhachtaí agus a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh". Sonraíonn Alt 24 (3) den Acht freisin go "Ceapfaidh bord múinteoirí agus foireann eile, a bheidh le híoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, agus féadfaidh sé na múinteoirí agus an fhoireann sin a chur ar fionraí nó a dhífhostú, de réir nósanna imeachta a bheidh comhaontaithe ó am go ham idir an tAire, an pátrún, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus aon cheardchumann aitheanta agus comhlachas foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí nó d'fhoireann eile, de réir mar is cuí..

Leagtar amach nósanna imeachta i gcomhair foireann múinteoireachta a roghnú, a chur faoi agallamh agus a ceapadh in Aguisín D den Bhunreacht agus Rialacha um Nósanna Imeachta do Bhoird Bhainistíochta. Is é an Bord Bainistíochta an fostóir agus fostaítear múinteoirí ar chonradh fostaíochta leis an mBord. Níl an tAire páirteach sa chonradh seo. Cé go bhfuil seirbhís párolla do mhúinteoirí ar bun ag an Aire ar son Boird Bhainistíochta agus go bhfuil feidhmeanna reachtúla aige/aice maidir le téarmaí agus coinníollacha a leagadh amach do mhúinteoirí, ní hé/hí a bhfostóir é/í.

Nuair atá an próiseas ceapacháin críochnaithe caithfidh an Bord Bainistíochta Fógra Ceapacháin a chuir faoi bhráid Rannóg Íocaíochtaí Bunscoile na Roinne le gur féidir an múinteoir a chuir isteach ar phárolla na múinteoirí chun a tuarastal a íoc leo.

Ní cóir go mbeadh moill ar bith ó thaobh an Bhoird maidir le heolas a chur ar aghaidh chuig an Roinn a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar thuarastal an mhúinteora a íoc, m.sh. fógra ceapacháin, éirí as post, faomhadh do shaoire gan pá, sos gairme, dul ar iasacht, bheith i dteideal post le freagracht srl.

Tá dualgas ar Bhoird Bhainistíochta múinteoirí bunscoile lánchláilithe a earcú agus a fhostú maidir le folúntas ar bith sa scoil.

Cuireann an tAcht Oideachais, 1998 iachall ar Bhoird Bhainistíochta comhionannas deise a chur chun cinn don fhoireann ar fad sa scoil agus "chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais an phearsanra atá ag gabháil d'fheidhmeanna bainistíochta agus riachtanais forbartha na foirne i gcoitinne sa scoil a shainaithint agus go ndéanfar soláthar faoina gcomhair" (Alt 9). Cuireann an tAcht iachall ar an bPríomhoide freisin, i measc nithe eile, "múinteoirí agus foireann eile na scoile a threorú agus a stiúradh"; "ceannaireacht" a thabhairt "do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile" agus "timpeallacht scoile a chruthú ... a chuireann forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun cinn" (Alt 23).

Is faoin mBord Bainistíochta go bunúsach atá sé fiosrú a dhéanamh ar dheacrachtaí a bhaineann le foireann scoile mar gheall gurb é an eagraíocht atá freagrach as rialú díreach na scoile é agus ina fhostóir d'fhoireann na scoile. Go ginearálta tá freagracht ag an mBord cinntiú go bhfuil an scoil ag oibriú go héifeachtúil agus go héifeachtach agus freisin tá freagrachtaí aige maidir le gníomhartha a bhfostaithe.

Mar bhainisteoir na scoile caithfidh an Bord bainistiú a dhéanamh ar fhoireann na scoile agus idirghabháil a dhéanamh nuair a mheasann sé go bhfuil sé riachtanach chun cúrsaí a bhaineann le gníomhartha a fhostaithe a réiteach. Is é an Bord Bainistíochta an fostóir agus tá cumhachtaí aige atá ar aon dul le fostóir ar bith eile. Ní hé an tAire/an Roinn an fostóir agus níl caidreamh fostóir/fostaí aige le foireann scoile. Ní féidir leis an Roinn dul i mbun feidhmeanna a bhaineann leis an mBord maidir le bainistiú ar fhoireann na scoile.

I gcás scoileanna Caitliceacha Rómhánacha faoi phátrúnacht an Chliarlathais Chaitlicigh, tá feidhm ag Reachtanna Mhaigh Nuad (1956) maidir le múinteoirí a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost.

(b) Ról an Phríomhoide

Leagann an tAcht Oideachais 1998 amach roinnt cearta agus freagrachtaí reachtúla don Phríomhoide. Tá foráil in Alt 22 den Acht go bhfuil freagracht ar an bPríomhoide, chomh maith leis na múinteoirí, as an dteagasc a thugtar do mhic léinn sa scoil agus cuireann siad le hoideachas agus forbairt phearsanta na mac léinn sa scoil. Is iad na Príomhoidí, chomh maith leis na múinteoirí;-

- a spreagann agus a chothaíonn foghlama na mac léinn
- a dhéanann measúnú ar na mic léinn agus a dhéanann tuairisc ar na torthaí leis na mic léinn agus lena dtuismitheoirí ó am go chéile
- a chuireann comhoibriú idir an scoil agus an pobal a dhéantar freastal air chun cinn
- a théann i mbun na ndualgas a thugann an bord bainistíochta dóibh

Faoi Alt 23, áirítear na feidhmeanna a leanas i measc iad siúd atá ag an bPríomhoide

- a bheith freagrach as bainistíocht na scoile ó lá go lá
- ceannaireacht a sholáthar do na múinteoirí, don fhoireann eile agus do mhic léinn na scoile
- a bheith freagrach, in éindí leis an mbord, tuismitheoirí na mac léinn agus múinteoirí, as timpeallacht scoile a chruthú a thacaíonn le foghlaim i measc na mic léinn agus a chuireann forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun cinn
- cuspóirí na scoile a leagadh amach, le chomhairliúchán, agus monatóireacht a dhéanamh ar na cuspóirí sin a bhaint amach
- baint na dtuismitheoirí in oideachas na leanaí agus i mbaint amach cuspóirí na scoile

a spreagadh, ina measc treoir agus treorú a thabhairt do mhúinteoirí agus an fhoireann eile sa scoil, agus a bheith freagrach don bhord bainistíochta.

Ba chóir don Phríomhoide tacaíocht a fháil ón Leas-Phríomhoide agus ó dhaoine a bhfuil poist le freagracht acu. Tá roinnt na bhfreagrachtaí idir an Príomhoide, an Leas-Phríomhoide, an Príomhoide Cúnta agus na Múinteoirí le Dualgais Speisialta lárnach i bhfeidhmiú éifeachtach na scoile agus chun an tacaíocht atá ag teastáil a thabhairt do Phríomhoidí agus iad i mbun a gcuid oibre.

Chomh maith leis seo, is féidir le Príomhoidí roghnú a bheith mar Rúnaí do Bhoird Bhainistíochta. Gheobhaidh Príomhoidí a bhfuil an fheidhm seo acu do bhoird bhainistíochta liúntas de réir Ciorclán 0079/2007. Léirítear na dualgais atá ar Phríomhoidí a roghnaíonn a bheith mar Rúnaí do Bhord Bainistíochta sa chiorclán seo.

(c) Ciapadh/Ionsaithe ar an Láthair Oibre

Ba chóir go mbeadh Boird Bhainistíochta feasach ar riachtanais an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, Cód Cleachtais na Roinne Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 1994, dar teideal "Bearta chun Dínit Mná agus Fir atá ag Obair a Chosaint" agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004 maidir le bulaíocht agus ciapadh sa láthair oibre. Tugann an tAcht 1998 sainmhíniú ar ghnéaschiapadh don chéad uair i nDlí na hÉireann. Cuireann sé cosc ar chiapadh de chineál ar bith, ina measc gnéaschiapadh sa láthair oibre agus le linn fostaíochta, agus leagann sé dualgas ar an bhfostóir gach céim réasúnta a thógáil chun timpeallacht saor ó chiapadh a chinntiú.

I 1997, d'eisigh an Roinn ciorclán dar teideal "Ionsaithe ar mhúinteoirí/fostaithe scoile" chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí sna bunscoileanna ar fad. Dréachtadh an ciorclán seo le comhairliú leis na páirtithe san oideachas, agus tharraing sé aird na mBord Bainistíochta ar roinnt ceisteanna cosúil le:

- dualgas an Bhoird láthair oibre slán a sholáthar d'fhostaithe;
- bearta le tógáil chun an baol ar ionsaithe ar mhúinteoirí nó baill foirne eile atá fostaithe i scoileanna a chosc nó a laghdú; agus
- bearta le tógáil chun tacú le baill foirne a rinneadh ionsaí orthu nó a rinneadh bagairt ionsaithe orthu agus chun cinntiú go ndéantar gníomhartha cuí le cinntiú nach dtarlódh sé arís.

Faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta, tá freagracht ag na húdaráis bhainistíochta scoile as sláinte agus sábháilteacht a bhfostaithe a chinntiú ina ról mar fhostóirí. Ciallaíonn an dualgas seo go bhfuil sé riachtanach Ráiteas Sábháilteachta a dhréachtadh don scoil i gcomhairle leo siúd atá i mbaol. Ba chóir don ráiteas seo contúirtí féideartha a aithint agus measúnú a dhéanamh ar an mbaol atá ann do shláinte agus do shábháilteacht. Ba chóir

ciapadh agus iompar eile cosúil leis a mheas mar chontúirtí féadartha agus measúnú a dhéanamh orthu dá réir. Nuair atá baol ann don sláinte de bharr an chineál iompair seo, ba chóir bearta bunaithe sa scoil a cheapadh chun iad a chosc agus chun déileáil leo agus feasacht a chruthú sa scoil nach bhfuil sé inghlactha.

Ba chóir do Bhoird a bheith feasach ar an Seirbhís Cúnamh Fostaí a chuireann an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh (VHI) ar fáil do mhúinteoirí. Is féidir sonraí na seirbhíse seo a fháil ó láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie nó is féidir le fostaithe dul i dteagmháil leis an tseirbhís go díreach ag Teil: 1800 411057 nó le ríomhphost chuig eas@vhics.ie

(d) Seiceáil

I mí Mheithimh 2006, d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Ciorclán 0094/2006 chuig na scoileanna ar fad maidir le nósanna imeachta seiceála nua do phearsanra scoile. Ba chóir do Bhoird Bhainistíochta iad féin a chur ar an eolas faoi riachtanais an chiorcláin seo. Teastaíonn leasú beag ón gciorclán reatha agus eiseofar cóip de leagan athbhreithnithe den chiorclán do bhoird bhainistíochta go gairid.

Is faoin mBord Bainistíochta atá sé cinntiú go ndéanfar seiceáil ar aon fhostaí nua a moltar. Cinnteoidh údaráis na scoile nach n-iarrtar seiceáil ach i gcás duine a bhfuil sé i gceist tairiscint fhostaíochta a dhéanamh leis/léi áfach. Ní cóir iarratas a dhéanamh sula ndéantar cinneadh post a thairiscint.

(e) Promhadh na Foirne Múinteoireachta (Ciorclán 0140/2006)

Tá promhadh múinteoirí bunscoile mar ghné thábhachtach dá aitheantas gairmiúil, mar gheall go bhfuil sé mar réamhriachtanas fostaíochta mar mhúinteoir bunscoile le haitheantas iomlán an tréimhse phromhaidh a chur i gcrích go rathúil mar a léirítear i gCiorclán 0140/2006 í. Tá an timpealleacht oideachais bhunscoile a bhfuil múinteoirí nua-cháilithe agus múinteoirí ó dhlínsí eile ag dul isteach ann níos casta ná mar a bhí sé ag am ar bith eile. Sa chomhthéacs sin, tugann an ciorclán

- soiléiriú ar an raon seirbhíse múinteoireachta go n-áirítear ar mhaithe le promhadh agus
- leagann sé síos riachtanais phromhaidh mionsonraithe do mhúinteoirí a fuair a gcáilíochtaí taobh amuigh den Stát.

Leagann an Ciorclán síos na Riachtanais Sheirbhíse agus Gairmiúla i gcomhair promhadh do mhúinteoirí a fuair a gcáilíochtaí sa Stát. Déileálann sé le riachtanais promhaidh do mhúinteoirí ó dhlínsí eile atá ag iarraidh aitheantas iomlán a fháil in Éirinn agus roinnt múinteoirí Montessori a fuair a gcáilíochtaí in Éirinn. Tugann sé freagraí ar Cheisteanna Coitianta.

Faoi láthair, tá freagracht fhoriomlán don phróiseas promhaidh ag an Rannóg Riaracháin Bunscoile 2 sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Is feidhmeanna do na Cigirí iad cúrsaí treoraithe gairmiúla, cuairteanna cigireachta a dhéanamh le linn an tréimhse phromhaidh agus tuairisc a dhéanamh ar na cuairteanna sin.

Tógann an Ciorclán an Scéim Leithdháilte Ginearálta (Ciorcláin Sp Ed 2/05 agus 0036/2006) maidir le hacmhainní a chur ar fáil do scoileanna chun freastal ar dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais san áireamh.

Faoi na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 agus 2006, agus taobh istigh den riachtanas ginearálta beartas Aireachta a chur i bhfeidhm san ábhar, tá an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach anois as socrú a dhéanamh maidir leis an oideachas, oiliúint agus cáilíochtaí atá ag teastáil chun múinteoir a chlárú agus chun nósanna imeachta agus critéir a bhunú chun múinteoirí a chlárú. Glacfaidh an Chomhairle freagracht as nósanna imeachta a bhunú maidir le hionduchtú agus promhadh múinteoirí amach anseo. Beidh téarmaí an chiorcláin i bhfeidhm go dtí go mbunófar na nósanna imeachta sin.

Téann an ciorclán seo in ionad Ciorclán 18/83 chomh maith le tagairtí do riachtanais phromhaidh a leagtar amach i gCiorclán 25/00. Tá an ciorclán ar fáil freisin ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (www.education.ie).

Ba chóir comhairle a thabhairt do mhúinteoirí ar phromhadh faoi na "Treoirlínte do Mhúinteoirí ar Phromhadh i mBunscoileanna" a d'fhoilsigh an Roinn. Tá cóipeanna de na Treoirlínte le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne. B'fhéidir gur mhaith le Boird iad féin a chur ar an eolas chomh maith faoin méid atá in "Oide eagrán 2" a d'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta, atá ag déileáil le hionduchtú múinteoirí.

(f) Cruinnithe Foirne

Sonraíonn Ciorclán 14/04 "Maidir le cruinniú foirne amháin in aghaidh an téarma, déanfaidh bunscoileanna agus meánscoileanna ar fad socrú chun tréimhse ama gnáthscoile a chur ar fáil atá ar chomhfhad leis an méid ama a chuirtear ar fáil taobh amuigh den scoil. (Sampla: ba chóir do chruinniú foirne dhá uair a chloig a eagraíodh roimh dúnadh na scoile roimhe seo a bheith ar siúl ar feadh uair a chloig roimh agus uair a chloig tar éis gnáth-am dúnadh na scoile anois)".

Níor chóir cruinnithe foirne agus cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoraí a eagrú an lá díreach roimh nó díreach tar éis shosanna atá leagtha amach sa Scoilbhliain Chaighdeánaithe.

(g) An Córas Éileamh Ar Líne le haghaidh Bunscoileanna

Chuir an Roinn Córas nua Éileamh Ar Líne i bhfeidhm ar an 16ú Marta, 2007. Beidh na bunscoileanna go léir á úsáid go luath.

Dul chun cinn mór é seo maidir le saoire a thaifead, agus íocaíocht a thabhairt do mhúinteoirí ócáideacha agus neamh-ócáideacha (ionadaithe) agus ionadaithe na gcúntóirí riachtanas speisialta. Tá an córas seo bunaithe ar an ngréasán agus cuireann sé ar chumas scoileanna sonraí a iontráil ar ríomhaire sa scoil faoi mhúinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta a bheith as láthair mar aon le héilimh maidir múinteoirí ócáideacha agus neamh-ócáideacha

agus ionadaithe na gcúntóirí riachtanas speisialta a íoc. Déantar na sonraí a iontrálann an scoil a aistriú ar an ngréasán go bunachar sonraí an Chórais Éileamh Ar Líne. Déantar na sonraí a aistriú ón mbunachar sin go párollaí na Roinne gach lá.

Tá an Córas Éileamh Ar Líne á chur in áit na bhfoirmeacha éileamh ar thuarastal ar ghá a líonadh amach de láimh le haghaidh múinteoirí ionaid agus a chur sa phost chun na Roinne. Ní bheidh sé riachtanach feasta cuntas a thabhairt faoi neamhláithreacht múinteoirí ar na foirmeacha tuairisce ráithiúla. Laghdaíonn an córas seo an méid oibre riaracháin a bhaineann le héilimh a dhéanamh.

Mar shampla:-

- ní gá sonraí pearsanta go léir a iontráil arís nuair atá éileamh á dhéanamh má bhí an duine fostaithe sa scoil cheana,
- Tógann sé níos lú ama sonraí breoiteachta a breacadh isteach óir tá breis roghanna ann.
- Ní gá na héilimh a chur sa phost óir cuirtear na sonraí ar aghaidh go díreach chuig an bpárolla.
- Is féidir féachaint ar na taifid a rinneadh maidir le héilimh agus saoirí.

2. An Córas a Úsáid

Is mar seo a iontráiltear éilimh agus sonraí neamhláithreachta -

- Ainmníonn na scoileanna úsáideoirí agus ceadaitheoirí. Tugtar pasfhocal dóibh agus cuireann sé seo ar a gcumas an córas a rochtain ar ríomhaire sa scoil.
- Nuair a dhéanann siad é sin roghnaíonn siad an fhoirm chuí ó roghchlár agus iontrálann siad na sonraí faoi na múinteoirí atá as láthair.
- Tugtar na cineálacha éagsúla neamhláithreachta ar liostaí anuas ar scáileán an ríomhaire.
- Sábháiltear na sonraí saoire ansin agus comhlánaítear na foirmeacha éilimh.
- Bíonn liosta de na múinteoirí ócáideacha agus neamh-ócáideacha (ionadaithe) a fostaíodh sa scoil i rith na bliana roimhe sin ar fáil freisin agus is féidir leis na scoileanna na héilimh a chomhlánú níos tapúla sa chaoi sin.
- Sábháiltear na foirmeacha a luaithe agus a iontráiltear na sonraí agus is féidir leis na scoileanna cóipeanna a phriontáil le cur lena dtaifid féin.

3. Slándáil

Tá sé tábhachtach go leanfadh na Boird Bhainistíochta na bearta rialaithe agus slándála atá riachtanach chun sláine an Chórais Éileamh Ar Líne a chinntiú. Ba chóir a mholadh dóibh siúd a ainmnítear mar úsáideoirí agus ceadaitheoirí an pasfhocal a choinneáil rúnda agus gan é a insint d'aon duine eile ar an bhfoireann. Más gá don té atá ag úsáid an chórais an ríomhaire a fhágáil is gan duine ina bhun ba chóir dó/di logáil amach as an gcóras ar dtús. Ba chóir do dhaoine atá ag úsáid agus ag faomhadh sonraí a chinntiú go n-iontráiltear na sonraí maidir le

múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta go cruinn beacht. Thar gach aon rud eile ba chóir dóibh seiceáil go n-iontráiltear sonraí bainc go cruinn.

4. Neamhláithreacht a Thaifead sa Chóras

Tá sé de dhualgas ar Bhoird Bhainistíochta neamhláithreacht múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta a thaifead sa chóras ach amháin i gcás iarratas nua le haghaidh sosanna gairme. Déanann an Roinn socruithe maidir leis na chéad iarratais ar shosanna gairme nuair a fhaigheann siad faomhadh fúthu ó na Boird Bhainistíochta. Má chuirtear síneadh le sos gairme ba chóir don scoil é sin a thaifead trí an dáta scoir a athrú ar an dtaifead bunaidh.

Ba chóir don Bord a chinntiú go ndéantar gach neamhláithreacht a thaifeadadh sa Chóras Éileamh Ar Líne, bíodh ionadaí ceadaithe nó ná bíodh. Éilíonn an Roinn go ndéanfar gach saoire a thaifead le cinntiú go n-íocfar gach ball den bhfoireann mar is cóir agus go mbeidh stair seirbhíse an té sin cruinn ceart.

Ba chóir don scoil na saoirí a thaifeadadh sa chóras de réir mar a tharlaíonn siad agus ní mór iad a iontráil **de réir an dáta**.

Tá coimriú ar na sonraí maidir le neamhláithreacht múinteoirí le fáil i gCiorclán 32/2007. Ba chóir an ciorclán seo a sheiceáil agus saoire á thaifeadadh sa chóras.

(h) Ceapadh Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Is í an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a bhíonn ag déileáil le hiarratais ar thacaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta. Is iad na heagraithe áitiúla um riachtanais speisialta oideachais a phróiseálann iarratais na scoileanna ar thacaíocht agus insíonn siad dóibh go díreach faoi na cinntí atá déanta acu. Is ar gach Bord Bainistíochta atá an dualgas cúntóir riachtanas speisialta faoi leith a earcú agus a fhostú. Tá na nósanna imeachta maidir le ceapadh cúntóirí riachtanas speisialta le fáil i gCiorclán SNA 03/03. Is iad na riachtanais oideachais reatha maidir le duine a cheapadh le haghaidh post mar cúntóir riachtanas speisialta ná go mbeadh Grád D (pas) ar a laghad faighte ag an té sin sa Ghaeilge, i mBéarla agus sa Matamaitic i scrúdú an Teastais Shóisearaigh, i Scrúdú Teastais na nGairmchúrsaí Lae, nó i scrúdú den chaighdeán céanna.

Meabhraítear do na hÚdaráis Bhainistíochta gur nuashonraíodh Ciorclán – SNA 03/03 i mí Lúnasa, 2007 agus go bhfuil nósanna imeachta nuashonraithe ann maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta sna bunscoileanna. Tá sé le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais ag www.education.ie

Is iad na Boird Bhainistíochta atá freagrach anois as Cúntóirí Riachtanas Speisialta a cheapadh i mbunscoileanna faoi réir treoirlínte an Chiorcláin. Ní mór do phatrún na scoile faomhadh a thabhairt maidir le ceapachán ar bith den sórt sin.

Is le haghaidh post a fuair faomhadh ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ina leithdháileadh post, agus dó sin amháin, a cheapfar aon Chúntóir Riachtanas Speisialta

(i) Dul i gComhairle le Múinteoirí

Tá foráil in Alt 23 den Acht Oideachais, 1998 go rachfaí i gcomhairle leis na múinteoirí chun cuspóirí na scoile a shocrú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí sin.

(j) Fostú Múinteoirí Bunscoile

Is iad Boird Bhainistíochta na scoileanna éagsúla atá freagrach as daoine a earcú agus a fhostú mar mhúinteoirí.

Caithfear na nósanna imeachta a leanúint a ndearnadh comhaontú fúthu maidir le daoine a cheapadh le haghaidh poist (na socruithe maidir le painéal athchóirithe fostaíochta a leanúint, mar shampla, socruithe faoi chomhdhéanamh na mbord roghnúcháin, cúrsaí fógraíochta is araile). Tá na nósanna imeachta maidir le ceapadh múinteoirí bunscoile, is cuma cén cineál bunscoile atá ann, leagtha síos sa bhfoilseachán *Boird Bhainistíochta na Scoileanna Náisiúnta Comhdhéanamh na mBord agus na Rialacha Imeachta* agus is féidir le gach uile Bhord Bainistíochta an foilseachán sin a fháil. Is é Bord Bainistíochta na scoile a dhéanann na ceapacháin le faomhadh an Phátrúin.

Is é beartas na Roinne nach bhfostófaí ach daoine cáilithe amháin. Ní cóir daoine neamhcháilithe a fhostú ach amháin i dtosca eisceachtúla agus nuair atá teipthe glan ar iarrachtaí de gach sórt chun daoine cáilithe a earcú.

(k) Coinníollacha Oibre Mhúinteoirí Bunscoile

Déantar comhaontú faoi choinníollacha oibre na múinteoirí idir ionadaithe na múinteoirí agus lucht bainistíochta na scoileanna faoi urraíocht na Comhairle Eadrána do Mhúinteoirí. Tá ionadaithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Airgeadais ar an gComhairle seo. Eisíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta scéimeanna comhaontaithe ina dhiaidh sin mar chiorcláin lena seoladh ar aghaidh chuig na múinteoirí.

Baineann na scéimeanna reatha leis na cúrsaí seo a leanas bíodh is nach liosta iomlán é:-

- Saoire uchtála
- Sosanna gairme
- Saoire chúramóirí
- Saoire Force Majeure
- Creidiúint incriminteach i gcás múinteoireachta roimh ré nó seirbhíse bhaintí nár mhúinteoireacht í.
- Postroinnt
- Saoire de bharr bás nó breoiteachta sa teaghlach
- Saoire mháithreachais
- Saoire aithreachais
- Saoire thuismitheoirí
- Saoire phearsanta
- Poist Freagrachta
- Príomhoidí a fheidhmíonn mar Rúnaithe Bord Bainistíochta
- Cearta daoine ar phainéil athchóirithe fostaíochta
- Tráth scaoilte do Phríomhoidí
- Tabhairt ar iasacht
- Saoire bhreoiteachta
- Faire le linn sosanna i lár na maidine agus ag am lóin.

Is féidir na ciorcláin thuas a fháil i do scoil nó is féidir iad a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta: www.education.ie

11. An Bord agus Leas na nDaltaí

(a) Soláthar Foirne Bunscoile

Déantar cinneadh maidir le soláthar foirne príomhshrutha bunscoile trí tagairt do rollú na scoile ar an 30 Meán Fómhair sa scoilbhliain roimhe sin. Déantar cinneadh maidir le líon fírinneach na bpost a cheadaítear trí thagairt do sceideal foirne a eisítear gach bliain do gach bunscoil.

Laistigh de théarmaí na socruithe foirne do bhunscoileanna tá soláthar ann do phoist bhreise, a thagraítear dóibh mar phoist forbartha scoile, atá le sannadh do scoileanna ar bhunús na rolluithe tuartha don scoilbhliain dar gcionn. Faoi na socruithe seo, is féidir le post forbartha scoile a bheith sannta go sealadach nuair atá rollú tuartha na scoile ar an 30 Meán Fómhair don scoilbhliain atá i gceist cothrom leis nó níos mó ná an figiúr sonraithe. Mura mbaintear amach an figiúr sonraithe ar an 30 Meán Fómhair, déantar an ceadú maidir leis an bpost a tharraingt siar.

Is féidir leis an mBord Bainistíochta achomharc a chur faoi bhráid faoi chritéir áirithe go dtí Bord Achomharc neamhspleách a bunaíodh i 2002 chun breithniú a thabhairt ar achomhairc maidir le leithdháiltí foirne i mbunscoileanna. Tá sonraí maidir leis na critéir agus dátaí iarratais ar achomharc ar fáil sa sceideal foirne.

Ní féidir leis an mBord Achomharc cinneadh a dhéanamh gur gá an sceideal foirne a athrú ach amháin sna cúinsí a shonraítear ag (a) go (c) thíos.

(a) Nuair is gá an sceideal foirne a athrú chun deacrachtaí cóiríochta eisceachtúla a shásamh, cosúil le scoileanna atá ag feidhmiú ar láthair scoilte ar feadh tréimhse tar éis chónaisc nó roimh a dhéantar foirgneamh buan a sholáthar.

(b) Nuair atá an Bord sásta ar bhunús an fhianaise infhíoraithe go raibh an líon daltaí atá riachtanach rollaithe i Meán Fómhair nó Deireadh Fómhair, ach, toisc cúinsí lasmuigh de rialú na scoile, ní dearnadh iad a rollú ar an 30 Meán Fómhair. Do chuspóirí foirne, áfach, ní féidir dalta a áireamh sa rollú ach i scoil amháin i scoilbhliain ar bith.

(c) Nuair a mheasann an Bord maidir leis an gcritéar forbartha scoile, go raibh an líon daltaí tuartha atá riachtanach chun an post a choinneáil rollaithe nó gur cosúil go mbeidh siad rollaithe faoi mhí na Nollag, ach toisc cúinsí lasmuigh de rialú na scoile, ní dhearnadh iad a rollú mar a bhí súil leis ar an 30 Meán Fómhair den bhliain scoile nua. Beidh post atá dáilte ag an mBord faoin gcritéar seo ceadaithe ar bhonn sealadach faoi réir dearbhaithe maidir le gnóthú an rollaithe riachtanaigh faoi mhí na Nollag na scoilbhliana nua. Cosúil le (b) thuas, ní féidir dalta a áireamh sa rollú ach i scoil amháin i scoilbhliain ar bith.

Sa chás inar féidir leis an scoil ina ndearnadh an dalta a rollú ar an 30 Meán Fómhair fíorú nach raibh gá leis an dalta a áireamh do cheapadh nó coinneáil an mhúinteora

sa scoil sin, smaoineoidh an Bord Achomharc faoi cheadú don dalta a bheith áirithe mar chuid den rollú do chuspóirí foirne sa scoil inar aistrigh sé/sí.

D'fhéadfadh an Bord Achomharc moltaí a dhéanamh ó thráth go chéile maidir le critéir achomharc.

(b) Rolluithe bailí

Leagann ciorclán na roinne 24/02 amach cúrsaí beartais maidir le rolluithe bailí agus an tábhacht a bhaineann le cinntiú go gcuireann na torthaí scoile rolluithe bailí in iúl go cruinn .i.

- caithfidh leanbh a bheith 4 bliain d'aois ag aois an rollaithe (caithfear cóip den teastas breithe a chur ar fáil agus beidh uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (PSP) an linbh le haimsiú ag am an rollaithe)
- go bhfuil an curaclam bunscoile deartha mar chlár ocht bliana, a chuimsíonn sraith naíonáin a mhaireann dhá bhliain agus a leantar le sé bliana caighdeánacha ó rang a haon go rang a sé, leis na leanaí ag bogadh ar aghaidh chuig an chéad ghrád eile ag deireadh gach scoilbhliana.
- Ní féidir leanbh a rollú ach i scoil amháin ar an 30 Meán Fómhair agus bheifí ag súil go leanfaí leis an rollú sa scoil sin ar feadh tréimhse na scoilbhliana sin. Cé go nglactar leis go bhféadfadh leanbh aistriú i gcúinsí áirithe, ní féidir leanbh a áireamh sa rollú do chuspóirí caipitíochta nó foirne ach i scoil amháin i mbliain scoile ar bith.
- Má fhaightear amach gur aistrigh dalta chun post breise a chruthú nó a éascú, ní cheadófar an post

(c) Alt 9 den Acht Oideachais 1998

Leagann an tAcht Oideachais 1998 freagracht ar na boird bhainistíochta maidir le bainistiú na scoile chun leasa na ndaltaí agus chun oideachas oiriúnach a sholáthar do gach dalta sa scoil. De réir na bhfreagrachtaí atá leagtha ar an mBord de réir an Achta, tá dualgas ar an mbord na feidhmeanna a chomhlíonadh atá bronnta orthu agus ar an scoil de réir an Achta. Déantar cur síos ar chuid d'fheidhmeanna an bhoird in Alt 9 den Acht. Déanann mórán feidhmeanna tagairt do leas agus cearta na ndaltaí agus tá siad le feiceáil thíos:

Is í feidhm uileghabhálach na scoile ná:

- Oideachas a sholáthar do dhaltaí atá oiriúnach dá n-ábaltachtaí agus dá riachtanais
- Cinntiú go ndéantar riachtanais oideachais na ndaltaí ar fad a aithint, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas nó le riachtanais speisialta oideachais, laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil, agus a ndéantar soláthar dóibh
- Cinntiú go bhfuil treoir oiriúnach ag daltaí chun cuidiú leo ina gcuid roghanna oideachais agus gairme
- Forbairt mhórálta, spioradálta agus phearsanta na ndaltaí a spreagadh chun

oideachas sláinte a sholáthar dóibh i gcomhairle le tuismitheoirí agus le meas do shainspiorad na scoile

- Comhionannas deise a chur chun cinn do dhaltaí firinneach agus baineannach
- Cinntiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí an dalta, nó i gcás dalta a bhfuil aois 18 mbliana d'aois sroichte acu, an dalta féin, ar thaifid atá coinnithe ag an scoil maidir le dul chun cinn oideachais an dalta
- Córais a bhunú agus a chothabháil inar féidir éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochtaí na scoile a mheasúnú, a chuimsíonn caighdeán agus éifeachtacht na múinteoireachta sa scoil agus leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla na ndaltaí

Tá sé soiléir ón méid a tháinig roimhe seo go bhfuil dualgas ar an mBord Bainistíochta, chomh fada agus atá réasúnta, a chinntiú go bhfuil meas agus luach ar dhaltaí in aeráid na scoile, agus go ndéantar a leas agus a gcuid cearta a chosaint. Cuireann an Bord an fhreagracht seo i bhfeidhm trí tharmligean chuig an bPríomhoide, agus trí aeráid scoile le luachanna, meonta agus tuairimí roinnte a spreagadh, idir an fhoireann teagaisc, tuismitheoirí agus daltaí. Seo próiseas leanúnach gur chóir a spreagadh trí chláir forbartha foirne atá oiriúnach, trí rannpháirteachas na ndaltaí agus na dtuismitheoirí i bhfeidhmiú na scoile, trí aidhmeanna agus cuspóirí atá soiléir a aithint trí dhul chun cinn a mheasúnú.

(d) Treoirlínte maidir le Cosaint Leanaí

Tá ról tábhachtach ar leith ag na Boird Bhainistíochta maidir le hardchaighdeáin cúraim a sholáthar dá ndaltaí ionas gur féidir a leas a chur chun cinn agus iad a chosaint ó dhíobháil. Tá suíomh maith ag pearsanra scoile ach go háirithe chun athruithe iompraíochta nó comharthaí seachtracha deacrachtaí a fheiceáil a thabharfadh cúis imní maidir le cosaint leanaí.

I 2001, d'eisigh an Roinn Treoirlínte agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí go dtí gach bunscoil. Bhí Treoirlínte agus Nósanna Imeachta na Roinne bunaithe ar na treoirlínte náisiúnta *Children First* a d'eisigh an Roinn Sláinte agus Leanaí agus rinneadh iad a oiriúnú go sonrach chun déileáil le suíomh na bunscoile.

Is í an phríomhaidhm le Treoirlínte agus Nósanna Imeachta na Roinne ná treoir a thabhairt do bhainistíocht agus foireann na scoile chun déileáil le líomhaintí nó amhrais maidir le mí-úsáid leanaí, agus le cosaint agus leas an linbh ar an gcuspóir is tábhachtaí. Leagann na Treoirlínte agus Nósanna Imeachta céimeanna amach atá le tógáil ag bainistíocht agus foireann na scoile chun déileáil le hamhrais nó líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí. Chomh luath agus atá cúiseanna réasúnta maidir le hamhras nó líomhaint, ba chóir an cheist a thuairisciú gan mhoill chuig na húdaráis sláinte. Chomh maith le bheith san airdeall ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí, caithfidh scoileanna a bheith aireach chomh maith ar chomharthaí de mhí-úsáid chorpartha agus mhothúchánach nó faillí agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an linbh a mheastar a bheith i bpriacal.

Tá dualgas ar gach bord bainistíochta ball sinsearach foirne a shannadh, go hiondúil an Príomhoide, mar Dhuine Teagmhála Sannta (DTS) don scoil. Feidhmíonn an DTS mar dhuine teagmhála leis na húdaráis sláinte agus gníomhaireachtaí eile (m.sh. na Gardaí) agus mar dhuine acmhainne do bhall foirne ar bith a bhfuil imní air/uirthi faoi cheisteanna maidir le cosaint leanaí.

Leagann na Treoirlínte agus Nósanna Imeachta amach na céimeanna atá le tógáil ag an scoil chomh maith chun déileáil le líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí i gcoinne fostaí de chuid na scoile. Tá freagracht ar an DTS an cheist a thuairisciú chuig na húdaráis sláinte agus/nó Gardaí i gcásanna mar seo, cé go bhfuil freagracht ar chathaoirleach an bhoird bainistíochta, ag gníomhú i gcomhairle leis an mbord, déileáil le ceisteanna fostaíochta. Má éilíonn an líomhain gníomhú láithreach, ba chóir don chathaoirleach a iarradh ar an bhfhostaí gan teacht ar scoil, agus é sin a chur i ngníomh láithreach bonn i gcás éiginnteachta nó amhrais, ba chóir don chathaoirleach dul i gcomhairle leis an mbainisteoir cúram leanaí ábhartha i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chomh maith le cibé céimeanna eile a thógáil a mheastar a bheith oiriúnach chun priacal ar bith maidir le daltaí sa scoil a bhaint.

Tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh nósanna imeachta um chosaint leanaí i bhfeidhm atá soiléir agus éifeachtach, de réir Treoirlínte agus Nósanna Imeachta na Roinne agus go gcuirtear lucht bainistíochta, baill foirne agus tuismitheoirí na scoile ar an eolas maidir leis na nósanna imeachta seo. Ba chóir do bhainistíocht na scoile cóip de threoirlínte um chosaint leanaí na scoile a sholáthar do gach ball foirne nua, cibé ról múinteoireachta a bheith acu nó gan a bheith acu, agus a chinntiú go bhfuil siad feasach ar na nósanna imeachta atá le leanúint. Ba chóir go mbeadh ball foirne sinsearach ainmnithe, an Príomhoide go hiondúil, mar Dhuine Teagmhála Sannta don scoil agus, nuair is féidir, ba chóir don scoil leas-DTS a ainmniú chomh maith.

Tá oiliúint díobh siúd atá nua-cheaptha mar DTS nó leas-DTS á eagrú ag Rannóg Oideachais an Mhúinteora.

(e) Cód Iompraíochta

Tá Cód Iompraíochta atá cothrom agus éifeachtach, a dtaobhaíonn an scoil ar fad leis, lárnach maidir le feidhmiú scoile atá éifeachtach agus comhbhách, a spreagann cóimheas agus comhoibriú agus a bhfuil meas aige ar chearta agus freagrachtaí na ndaoine ar fad atá rannpháirteach.

Tá freagracht ar an mBord Bainistíochta, faoi Alt 23 den Acht Oideachais (Leas), 2000 a chinntiú go ndéantar Cód Iompraíochta a scríobh, a fheidhmítear sa scoil agus a dhéantar a athbhreithniú go leanúnach.

Ba chóir don Chód Iompraíochta suntas a thabhairt d'éiteas agus timpeallacht na scoile, ba chóir go gcuimseodh sé rialacha, ceaduithe, dreasachtaí agus nósanna imeachta, agus ba chóir go mbeadh sé faofa go foirmeálta ag an mBord Bainistíochta. Ba chóir go mbeadh sé ar fáil le scrúdú ag Cigirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Tá treoirlínte maidir le Cóid Iompraíochta a scríobh á gcur chun críche ag An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) agus déanfar iad a eisiúint go dtí gach scoil ina dhiaidh sin.

(f) Soláthar faisnéise do dhaltaí

Tá dualgas ar an mBord Bainistíochta faoi Alt 27 den Acht Oideachais 1998 maidir le nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun insint do dhaltaí faoi ghníomhaíochtaí na scoile. Caithfidh na nósanna imeachta seo rannpháirtíocht na ndaltaí i bhfeidhmiú na scoile a éascú i gcomhar lena dtuismitheoirí agus múinteoirí. Ba chóir go mbeadh meas ag an rannpháirtíocht seo ar aois agus ar thaithí na ndaltaí.

(g) Rollú

Tá dualgas ar an mBord Bainistíochta faoi Alt 15(2)(d) den Acht Oideachais 1998 an beartas scoile a fhoilsiú maidir le hiontráil agus rannpháirtíocht sa scoil. Ba chóir go mbeadh faomhadh an Phatrúin ag beartas rollaithe na scoileanna roimh ré.

Go hachomair, sonraíonn Alt 15, fo-alt (2) den Acht Oideachais:

> *"Foilseoidh an bord, i cibé modh is dóigh leis an mbord, le comhaontú an phátrúin, a bheith cuí, beartas na scoile i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil, lena n-áirítear beartas na scoile i ndáil le mic léinn a dhíbirt agus a chur ar fionraí, agus i ndáil le ligean isteach agus rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus cinnteoidh sé. . . go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na tuismitheoirí ..."*

Is í an aois éigeantach chun scolaíocht a thosú sa Scoil Náisiúnta ná 6 bliana d'aois. Tá rollú i scoileanna faoi leith mar fhreagracht ar údarás bainistíochta na scoileanna sin agus ní mian leis an Roinn idirghabháil i gcinntí a dhéanann scoileanna sna cúrsaí seo. Is í príomhfhreagracht na Roinne ná a chinntiú gur féidir le scoileanna i limistéar áirithe freastal a dhéanamh eatarthu ar gach dalta atá ag lorg áite. D'fhéadfaí áfach nach n-aimseodh daltaí áirithe áit sa scoil atá mar chéad rogha acu dá bharr.

Tá sí mar fhreagracht ar údaráis bhainistíochta na scoileanna nach bhfuil ábalta gach dalta a cheadú atá ag lorg iontrála, beartas rollaithe a chur i bhfeidhm de réir an Achta Oideachais. Ar an ábhar seo, d'fhéadfadh go mbeadh riachtanas ann rollú a shrianú go dtí leanaí ó limistéar nó aoisghrúpa áirithe nó, uaireanta, ar bhunús critéir áirithe eile. Nuair atá beartas iontrála á cheapadh, caithfear a chinntiú go bhfuil sé dleathach. Caithfidh sé gníomhú ach go háirithe de réir ailt 7 den Acht um Stádas Comhionann 2000 (mar atá leasaithe ag Alt 50 den Acht um Chomhionannas, 2004).

Tá dualgas ar Bhord Bainistíochta scoile chomh maith faoi alt 19(3) den Acht um Leas Oideachais 2000 cinneadh a dhéanamh i scríbhinn maidir le hiarratas ar rollú laistigh de 21 lá agus an cinneadh a chur in iúl do na tuismitheoirí i scríbhinn.

Nuair a dhiúltaíonn Bord Bainistíochta dalta a rollú i scoil, tá teidlíocht reachtúil ag tuismitheoir an dalta nó, nuair atá 18 mbliana sroichte ag an dalta, an dalta féin, faoi alt 29 den Acht Oideachais (mar atá leasaithe faoi Alt 4 den Acht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007, achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh chuig Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tá coiste bunaithe chun éisteacht leis an achomharc, le héisteachtaí stiúrtha le híosmhéid foirmeáltachta. I mórlach na gcásanna, caithfear déileáil leo laistigh de 30 lá. Nuair atá sé oiriúnach, d'fhéadfadh an tArd-Runaí cibé treoracha a thabhairt don Bhord Bainistíochta a mheastar a bheith riachtanach chun an cheist a ndearnadh gearán fúithi a réiteach.

Tá sonraí maidir le hachomharc a dhéanamh ar chinntí rollaithe faoi alt 29 den Acht Oideachais (mar atá leasaithe ag Alt 4 den Acht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007), ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie

(h) Aois Chun Tosú ar Scoil

Sonraíonn Riail 64 (1) de Rialacha na Scoileanna Náisiúnta "ní féidir leanbh a cheadú le freastal nó rollú i scoil náisiúnta roimh chomóradh an cheathrú lá breithe acu". Ina theannta sin, de réir an Achta um Leas Oideachais, is í an aois éigeantach do dhalta le scolaíocht a thosú sa Scoil Náisiúnta na 6 bliana d'aois.

Tá an curaclam bunscoile deartha mar chúrsa ocht mbliana, a chuimsíonn sraith naíonán dhá bhliana a leantar le sé bliana caighdeánacha ó rang a haon go rang a sé, leis na leanaí ag bogadh ar aghaidh chuig an chéad ghrád eile ag deireadh gach scoilbhliana. Ba chóir do dhaltaí atá ag tosú na scoile don chéad uair a bheith rollaithe ag tús na scoilbhliana, ionas gur féidir leo an cúrsa bunscoile iomlán a chomhlánú.

Sonraíonn Ciorclán 27/85 nár chóir dalta a cheadú sa chéad rang caighdeánach mura bhfuil aois sé bliana d'aois sroichte acu faoin 1 Meán Fómhair na scoilbhliana ina bhfuil sé/sí rollaithe don rang sin.

(i) Daltaí a Choinneáil sa Scoil

Tá beartas na Roinne maidir le daltaí a choinneáil sna bunscoileanna leagtha amach sa Chiorclán Bunscoile 32/03 a eisíodh go dtí gach bunscoil i mí na Nollag 2003.

Tá tacaíocht chuimsitheach á soláthar ag an Roinn do dhaltaí le deacrachtaí foghlama agus riachtanais speisialta oideachais sna scoileanna. Cuimsíonn Múinteoirí Tacaíochta Foghlama/Acmhainne, Múinteoirí i mbun acmhainní, cúntóirí riachtanas speisialta, trealamh ríomhaireachta agus raon leathan acmhainní faoi scéimeanna difriúla do scoileanna i limistéar atá sannta a bheith faoi mhíbhuntáiste, na foirmeacha éagsúla soláthair a dháiltear ar scoileanna chun tacú leis na daltaí seo.

Faoi bheartas na Roinne, níor chóir do dhaltaí an bhliain a dhéanamh in athuair ach ar chúiseanna oideachais amháin agus níor chóir go mbeadh grád-leibhéal breise (naíonáin láir

nó rang a sé in athuair) ag feidhmiú trí na daltaí ar fad nó líon suntasach daltaí a choinneáil don dara bliain ag grád-leibhéal. Ba chóir don leibhéal soláthair atá anois ar fáil cumasú do dhaltaí dul chun cinn a dhéanamh a thagann lena gcuid riachtanas agus ábaltachtaí, agus bogadh ar aghaidh go leanúnach tríd na leibhéil ranga difriúla sa scoil, ag coinneáil lena gcuid daltaí comhchéime.

Is cóir go ndéanfadh scoileanna speisialta atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta freastal ar leanaí agus daoine óga le riachtanais oideachais speisialta ó 4 bliana d'aois ar aghaidh go dtí deireadh na scoilbhliana ina sroichtear an 18ú bliain. Ag an bpointe sin, tógann an Roinn Sláinte agus Leanaí/Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagracht dhíreach d'aosaigh óga atá os cionn 18 mbliana d'aois le riachtanais oideachais speisialta. Bheifí ag súil go mbeadh an scoil ag comhoibriú leis na húdaráis sláinte le linn na bliana deiridh scoile don duine óg, chun aistriú rathúil an duine a chinntiú go dtí seirbhísí aosach ag an am a shroicheann sé/sí 18 bliana d'aois.

(j) Dalta a dhíbirt ón scoil/rolla

Tá dualgas ar scoileanna de réir an Achta Oideachais (Leas), 2000 cuntas cruinn agus nuashonraithe a choinneáil maidir le rollú agus freastal na ndaltaí. Tá taifid mar seo faoi réir monatóireachta ag an BNLO. Tá dualgas ar scoileanna insint don BNLO faoi neamhláithreacht dalta ar bith ar feadh tréimhse níos mó ná 20 lá in aon scoilbhliain amháin. Tá treoracha eisithe chuig scoileanna maidir le neamhláithreachtaí agus tuairiscí freastail a thuairisciú. Tá roinnt critéar atá mar bhunús le neamhláithreacht 20 lá a thuairisciú, m.sh. 6 lá carnaí nó níos mó ar fionraí; rún díbeartha. Ba chóir do bhoird a bheith feasach ar na treoirlínte a leagann amach riachtanais maidir le fógra a thabhairt don BNLO faoi neamhláithreachtaí dalta.

Tá athrollú dalta a baineadh ón rolla mar chinneadh don Bhord Bainistíochta, a dhéanfar de réir beartais iontrála foilsithe na scoile. Nuair atá cinneadh mar seo á dhéanamh, caithfear a bheith aireach ar fhorálacha an Achta Oideachais (Leas), 2000 agus ar na nósanna imeachta achomharc atá foráilte in Alt 29 den Acht Oideachais, 1998 (mar atá leasaithe ag Alt 4 den Acht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.

Níor chóir daltaí a choinnítear ar chlár na scoile ar an 30 Meán Fómhair den scoilbhliain do chuspóir na géilliúlachta leis an Acht Oideachais & Leasa, 2000 a áireamh i dtreo rollaithe bailí do chuspóirí maidir le huimhreacha foirne a chinneadh.

Aistriú Daltaí

Tá an seasamh maidir le haistriú daltaí ó scoil amháin go dtí scoil eile leagtha amach in Alt 20 den Acht Oideachais (Leas). Leagann sé amach na céimeanna a chaithfidh na príomhoidí a bhaineann a thógáil .i. nuair a fhágann dalta scoil amháin chun dul go dtí scoil eile, caithfidh príomhoide an chéad scoil tuarascáil a sholáthar don phríomhoide nua ar fhadhbanna tinrimh scoile ar bith a bhí ag an leanbh nó ceisteanna eile maidir le dul chun cinn oideachais an linbh mar a mheasann sé/sí a bheith oiriúnach.

(k) Díbirt dalta

Sonraíonn Alt 24 den Acht Oideachais (Leas):

> "(1) Nuair atá an bord bainistíochta de scoil aitheanta nó duine atá ag gníomhú ar a son den tuairim gur chóir dalta a dhíbirt ón scoil sin, tabharfar fógra i scríbhinn maidir le bunús na tuairime agus na cúiseanna dá réir, roimh a dhéantar an dalta a dhíbirt, don oifigeach leasa oideachais lenar sannadh feidhmeanna faoin Acht.

Tá treoirlíne eisithe chuig scoileanna ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) ag tabhairt sonraí breise ar fhreagrachtaí an Bhoird sna cúrsaí seo.

(l) Maoirseacht ar dhaltaí

Sannann Alt 14,15 agus 23 an Achta Oideachais freagracht ar gach Bord Bainistíochta agus Príomhoide maidir le bainistíocht laethúil na scoileanna. Ba chóir do phríomhoidí maoirseacht a eagrú d'ord agus iompraíocht ghinearálta na ndaltaí le linn uaireanta scoile. Ba chóir dóibh a bheith rannpháirteach ach go háirithe agus maoirseacht éifeachtach na ndaltaí a eagrú le linn sosanna, sosanna lóin, tionóil agus briste.

Tá dualgas ar mhúinteoirí de réir Rialacha 121(4) agus 124(1) de Rialacha na Scoileanna Náisiúnta agus Alt 23(2) den Acht Oideachais 1998 gach cúram réasúnta a thógáil chun sábháilteacht na ndaltaí a chinntiú agus a bheith rannpháirteach i maoirseacht na ndaltaí nuair atáid ar láthair na scoile, le linn uaireanta scoile agus/nó ar ghníomhaíochtaí scoile. Dá bhrí sin, tá freagracht aonair agus comhfhreagracht ar mhúinteoirí cúram a sholáthar i gcónaí do dhaltaí na scoile ina bhfuilid ag múinteoireacht inti, a chuimsíonn tréimhsí maoirseachta. D'fhéadfadh go mbeadh ar chúntóirí riachtanas speisialta, atá sannta do scoileanna chun freastal ar dhaltaí le riachtanais cúram ar leith, cuidiú le daltaí sa leithreas, nuair atá sé oiriúnach.

Cé nach n-eisíonn an Roinn treoirlínte sonracha ar riachtanais maoirseachta do dhaltaí in aoiseanna difriúla, aithníonn siad go bhfuil an méid maoirseachta atá riachtanach ag údaráis scoile athraitheach de réir cúinsí, a chuimsíonn aois an dalta. D'fhéadfadh go gcuimseodh an dualgas seo, i gcás na ndaltaí fíor-óga, a chinntiú nach bhfágann na daltaí sin an seomra ranga gan mhaoirseacht oiriúnach.

I mí Iúil 2002, d'aontaigh an Roinn ar shocruithe maidir le maoiniú a sholáthar do mhaoirseacht i dtaobh sosanna i lár na maidine agus ag am lóin. Eisíodh Ciorclán 21/02 ag an am sin agus leag sé seo amach an comhaontú agus na socruithe maidir le híocaíocht. Rinne an comhaontú foráil go soláthrófaí maoiniú do Bhoird Bhainistíochta do mhaoirseacht ar bhunús an riachtanais tuartha de 37 uair maoirseachta in aghaidh na bliana in aghaidh gach múinteoir cóibhéiseach lánaimseartha nó íosmhéid de 122 uair in aghaidh na scoile, cibé is mó.

Dearbhaíonn scoileanna ag deireadh na scoilbhliana go bhfuil na dualgais mhaoirseachta comhlíonta agus bunaithe ar thorthaí ó eisiúintí na n-íocaíochtaí scoile i mí Iúil/Lúnasa chuig na múinteoirí ábhartha.

Baineann socruithe áirithe le scoileanna le 1, 2 & 3 múinteoirí iontu.

Íoctar deontas cóibhéiseach le 122 uair maoirseachta leis an mBord Bainistíochta i scoileanna le múinteoir amháin do sholáthar na seirbhísí maoirseachta, gur féidir a éascú trí mhaoirseoir lóin a cheapadh. Íoctar deontais le scoileanna ina bhfuil 2 & 3 mhúinteoir iontu chomh maith.

(m) Cógas a thabhairt do dhaltaí

Tá sé tábhachtach go n-iarrfaidh Bord Bainistíochta na scoileanna ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil an scoil feasach ar riocht sláinte ar bith atá ag aon leanbh sa scoil. Nuair atá an scoil feasach ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a tharlú mar thoradh ar riocht sláinte atá á fhulaingt ag dalta amháin nó níos mó, d'fhéadfadh na hÚdaráis Bhainistíochta, ag obair i gcomhar leis na tuismitheoirí, múinteoirí agus leanaí bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm chun na deacrachtaí seo a mhaolú, nó cinntiú má fhulaingíonn dalta frithghníomh anaifiolachtach srl., go bhfuil cóireáil oiriúnach ar fáil.

Tá comhaontú ag Cumann Múinteoirí Éireann agus na heagraíochtaí atá ag déanamh ionadaíochta do bhainistíocht scoile ag leibhéal na bunscoile maidir le cógas a thabhairt amach ar scoil. Cé go sonraíonn an comhaontú seo nach féidir dualgas a bheith ar mhúinteoir ar bith chun cóir leighis nó drugaí a thabhairt do dhaltaí, leagann sé nósanna imeachta amach chomh maith a chaithfear a leanúint, nuair a aontaíonn múinteoir nó múinteoirí amhlaidh a dhéanamh.

An seasamh atá ann ná gur chóir do cheachtar tuismitheoir iad féin a chur ar fáil le cógas a thabhairt mar atá riachtanach nó más mian leo go ndéanfadh foireann na scoile é a thabhairt, ba chóir dóibh an scoil a shlánú. *(Ar an dóigh seo, tá cearta an linbh agus na dtuismitheoirí agus leasanna na scoile cosanta ar bhealach cothrom).*

Is í taithí na Roinne seo ná chomh luath agus atá an cheist pléite go sonrach leis an mBord Bainistíochta agus múinteoirí na scoile, agus chomh luath agus atá gach páirtí soiléir maidir leis na nósanna imeachta atá le leanúint, is féidir socruithe a dhéanamh maidir leis an riaradh leighis a bheadh riachtanach.

Ní féidir leis an Roinn treorú do bhall ar bith de Bhord Bainistíochta nó foireann mhúinteoireachta na scoile cóir leighis a thabhairt do dhaltaí, gníomhartha agus nósanna imeachta a dhéanann proifisiúnaigh leighis cosúil le dochtúirí agus altraí a chomhlíonadh go hiondúil.

(n) Teagasc Creidimh

Tá roinnt cearta dlíthiúla ag daltaí agus tuismitheoirí maidir lena rogha scoile don bhunscolaíocht.

Díorthaíonn na cearta reachtúla maidir le rogha scoile ó Airteagal 42 den Bhunreacht a dhéanann foráil

- Go bhfuil saorchead ag Tuismitheoirí oideachas a sholáthar ina gcuid tithe féin nó i scoileanna príobháideacha nó i scoileanna atá aitheanta nó bunaithe ag an Stát agus
- Ní leagfaidh an Stát dualgas ar thuismitheoirí, ag sárú a gcoinsias agus tosaíocht dhleathach, a gcuid leanaí a chur chuig scoileanna atá bunaithe ag an Stát, nó chuig cineál áirithe scoile atá sannta ag an Stát.

Tá an méid seo athdhearbhaithe trí fhoráil reachtúil san Acht Oideachais 1998, agus déanann alt 6 foráil maidir le roinnt nithe atá le sonrú acu siúd atá rannpháirteach i bhforfheidhmiú an Achta, a chuimsíonn "cearta na dtuismitheoirí a gcuid leanaí a chur chuig scoil de rogha na dtuismitheoirí le meas ar chearta na bpatrún agus úsáid éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní" a chur chun cinn.

Éilíonn Alt 15 den Acht Oideachais, 1998 ar bhoird bhainistíochta na scoileanna seasamh le sainspioraid na scoile, agus a bheith cuntasach don Phatrún maidir leis an seasamh, mar atá cinnte ag luachanna agus traidisiúin chultúrtha, oideachais, móralta, reiligiúnach, teangeolaíoch agus spioradálta, a chuireann eolas ar fáil agus atá mar thréith de chuspóirí agus stiúradh na scoile.

Faoi Alt 30 den acht Oideachais (1998), ní féidir dualgas a chur ar dhalta ar bith freastal ar threoir in ábhar ar bith, nach dtagann le coinsias tuismitheora an dalta. Éilíonn an tAcht chomh maith, nuair atá curaclaim a bhforordú do scoileanna aitheanta, go gcaithfidh an tAire a bheith aireach ar shainspiorad na scoile nó an cineál scoile atá i gceist.

Tá foráil déanta do chuimsiú an teagaisc chreidimh ar churaclam na mbunscoileanna. Aithníonn an Roinn cearta na n-údarás eaglasta difriúla chun na curaclaim seo a dhearadh agus a bhforfheidhmiú agus múinteoireacht a mhaoirsiú. Ar an ábhar seo, tá tríocha nóiméad den lá scoile leithdháilte do chuspóir múinteoireachta na treorach reiligiúnach ag leibhéal na bunscoile.

Tá foráil déanta do chuimsiú na treorach reiligiúnach ar churaclam na mbunscoileanna.

Gabhann Curaclam Athbhreithnithe na mBunscoileanna le tábhacht na caoinfhulaingthe maidir le cleachtas, cultúr agus stíl mhaireachtála a bhaineann le raon reiligiún difriúla agus sonraítear go follasach go bhfuil meas le bheith ar chreidimh agus íogaireachtaí gach leanbh.

12. Tuismitheoirí mar Chomhpháirtithe san Oideachas

(a) Cumainn Thuismitheoirí

Tá dualgas ar an mBord Bainistíochta faoi Alt 26 den Acht Oideachais 1998 "gach cúnamh réasúnta a thabhairt do thuismitheoirí gur mian leo cumann tuismitheoirí a bhunú agus do chumann tuismitheoirí nuair atá siad bunaithe". Is eagraíocht riachtanach í an cumann tuismitheoirí, a chumasaíonn do thuismitheoirí a bheith go hiomlán feasach ar fhorbairtí oideachais, tuairimí na dtuismitheoirí a chur in iúl ar cheisteanna a bhaineann leo agus comhoibriú go dlúth leis an bPríomhoide, leis an bhfoireann mhúinteoireachta agus Bord na scoile ar gach ceist a bhaineann le leas oideachais a gcuid leanaí.

(b) Tiomsú Airgid

Díorthaíonn an cumann tuismitheoirí údarás ó Alt 26 an Achta Oideachais 1998 a dhéanann foráil i measc nithe eile:

- go gcuirfidh cumann tuismitheoirí leas na ndaltaí scoile chun cinn i gcomhar leis an mbord, príomhoide, múinteoirí agus daltaí
- go ndéanfaidh cumann tuismitheoirí, tar éis comhairliú lena gcuid ball, rialacha a rialaíonn a gcruinnithe agus gnó agus stiúradh a gcuid gnóthaí
- go spreagfaidh an bord teagmháil idir an scoil, tuismitheoirí na ndaltaí scoile agus an pobal agus go ndéanfaidh siad tuismitheoirí a éascú agus gach cúnamh réasúnta a thabhairt dóibh chun cumann tuismitheoirí a bhunú agus do chumann tuismitheoirí nuair atá sé bunaithe.
- go gcuirfidh an cumann tuismitheoirí nuair a bhunaítear é comhairle ar fáil don phríomhoide nó don bhord ar cheist ar bith maidir leis an scoil agus go mbeidh meas ag an bpríomhoide nó ag an mbord ar an gcomhairle seo.
- go nglacfaidh an cumann tuismitheoirí le clár gníomhaíochtaí a chuirfidh rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i gcomhairle leis an bpríomhoide chun cinn, maidir le feidhmiú na scoile.

Leantar de réir fhorálacha an Achta Oideachais 1998 gur chóir go mbeadh príomhchuspóir ag gníomhaíochtaí an chumainn tuismitheoirí maidir le leasanna na ndaltaí a chur chun cinn i gcomhar leis an scoil agus go bhfuil dualgas ar an mbord gach cúnamh réasúnta a thabhairt don chumann tuismitheoirí sna cúrsaí seo. Feiceann an tAcht go bhfuil ról comhoibríoch idir an Bord agus an cumann tuismitheoirí. Nuair a ghníomhaíonn cumann tuismitheoirí ar bhealach nach dtagann le leasanna na ndaltaí agus a sháraíonn na rialacháin ábhartha sa mhéid seo mar atá leagtha síos ag an Aire ó thráth go chéile, déanann siad amhlaidh gan chosaint an Achta agus dá bhrí ag gníomhú ar bhealach *ultra vires*.

Leagann Alt 26(4) an Achta dualgas ar an gcumann tuismitheoirí rialacha a dhéanamh ag rialú a gcruinnithe agus stiúradh a gcuid gnóthaí. Leathnaíonn an chumhacht seo go dtí rialacháin a dhéanamh maidir le nósanna imeachta inmheánacha an chumainn, ach tá srian ar a gcumhacht rialacha a dhéanamh a eascraíonn ón dualgas sáraitheach maidir le leasanna na ndaltaí scoile a

chur chun cinn. Ní bhronnann an fo-alt seo cumhachtaí neamhspleácha ar chumann tuismitheoirí a leathnaíonn níos faide ná leasanna na ndaltaí a chur chun cinn.

Tá an cumann tuismitheoirí i dteideal airgead a thiomsú maidir le cúrsaí riaracháin agus gníomhaíochtaí an chumainn. Caithfear cuntais iomlána a chothabháil agus a chur i láthair ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil an chumainn, de réir rialacha an chumainn. Ba chóir don chumann tuismitheoirí comhairliú leis an mbord faoi thiomsú airgid don scoil nó do thionscadail na scoile. Tá faomhadh an bhoird riachtanach roimh a dhéantar na cistí seo a thiomsú. Déanann an bord bainistíochta déileáil le caiteachas na gcistí seo i gcomhairle leis an gcumann tuismitheoirí. Ullmhaíonn an bord cuntas iomlán ioncaim agus caiteachais ag deireadh gach scoilbhliana agus tá sé seo ar fáil do thuismitheoirí. Caithfear cistí ar bith a thiomsaítear a úsáid don chuspóir(í) lenar bailíodh an t-airgead. Má tharlaíonn sé i gcúinsí eisceachtúla nach mbeidh sé riachtanach don bhord na cistí a bailíodh a úsáid don chuspóir a sonraíodh, cuirfear seo in iúl don chumann tuismitheoirí agus nuair atá sé oiriúnach, don phobal áitiúil. Is féidir na cistí a úsáid don scoil ar chaoi ar bith. Déanfaidh an bord cinneadh i gcomhairle le coiste an chumainn tuismitheoirí maidir le hathrú cuspóra maidir le húsáid na gcistí.

(c) Nós imeachta le gearáin a dhéanamh

Déanfar nósanna imeachta maidir le gearáin ó thuismitheoirí agus daltaí a phróiseáil do gach scoil faoi Alt 28 an Achta Oideachais, 1998.

Tá nós imeachta le gearáin a dhéanamh i bhfeidhm ag mórlach na scoileanna i láthair na huaire atá deartha chun láimhseáil na ngearán ó thuismitheoirí a éascú maidir le scoileanna agus múinteoirí. Roghnaíonn mórán scoileanna ceann de na nósanna imeachta le gearáin a dhéanamh atá pléite ag an leibhéal náisiúnta idir údaráis bhainistíochta scoile agus páirtithe leasmhara na múinteoirí, ach tá saorchead ag bord bainistíochta na scoile cinneadh a dhéanamh maidir lena modh cothrom féin i dtaobh láimhseáil na ngearán. Go ginearálta, tá sé beartaithe ag na nósanna imeachta seo réiteach an ghearáin a éascú chomh pras agus is féidir agus ag an leibhéal is simplí. Is é an nós imeachta le gearán a dhéanamh is coitianta a úsáideann scoileanna ná nós imeachta CMÉ/na Bainistíochta (Féach Aguisín A)

Tacaíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis an bprionsabal gur chóir do ghearáin maidir le scoileanna a bheith réitithe ag leibhéal na scoile nuair is féidir agus ní bheidh siad rannpháirteach san athbhreithniú ar ghearáin faoi leith ach amháin nuair atá gach iarracht déanta an cheist a réiteach ag an leibhéal áitiúil. Má tá an gearánaí fós gan sásamh tar éis don mhodh déanta gearáin a bheith comhlánaithe agus toradh ó Bhord Bainistíochta na scoile eisithe, is féidir leis/léi an cheist a ardú leis an Roinn.

I gcás na mbunscoileanna Caitliceacha agus na mbunscoileanna Eaglais na hÉireann, tá comhairle tugtha ag Comhlachtaí Pátrúnachta na scoileanna seo do Bhoird modh déanta gearáin CMÉ/na Bainistíochta a leanúint.

(d) An Bord Speisialta um Achomhairc Oideachais

Bunaíodh An Bord Speisialta um Achomhairc Speisialta faoin Acht um Oideachais do Dhaoine a

bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (ODRSO) 2004 chun éisteacht le hachomhairc agus cinntí a dhéanamh de réir an Achta. Beidh an Bord Achomharc neamhspleách i bhfeidhmíocht a gcuid feidhmeanna agus a bunaíodh in Aibreán 2007 le cinntiú go mbeidh na struchtúir agus próisis oiriúnacha i bhfeidhm chomh luath agus atá tús curtha le hailt ábhartha an Achta ODRSO, a cheadódh d'achomhairc a bheith comhlíonta.

(e) Tuairiscí Scoile/Tuairiscí ar Dhul Chun Cinn

Cé go leagann an Roinn amach dualgais reachtúla de réir an Achta Oideachais, 1998 ar bhord chun tuairiscí scoile a sholáthar dá ndaltaí, níl aon sainordú acu maidir le hábhar na dtuairiscí sin a chinneadh.

Tá ról na Roinne maidir le tuairsicí scoile atá i seilbh na núdarás scoile rialaithe ag an Acht Oideachais .i. caithfidh scoileanna a chinntiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí an dalta ar thaifid atá cothabháilte ag an scoil maidir le dul chun cinn oideachais an dalta. Leagann Alt 20 an Achta dualgas ar scoileanna maidir le nósanna imeachta a bhunú chun insint do thuismitheoirí faoi cheisteanna maidir le feidhmiú agus feidhmíocht na scoile. Sonraíonn Alt 22(2)(b) an Achta, "déanfaidh an Príomhoide agus na múinteoirí meastóireacht rialta ar mhic léinn agus tuairisc faoi thorthaí na meastóireachta a thabhairt go tréimhsiúil do na mic léinn agus dá dtuismitheoirí".

(f) Cruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí

Tá difríochtaí idir na rannóga iarbhunscoile agus bunscoile, agus dá bhrí tá sé oiriúnach múnla difriúil a chur i bhfeidhm maidir le cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí sa rannóg bunscoile ná mar a chuirtear i bhfeidhm sa rannóg iarbhunscoile. Cuimsíonn na tosca seo aois na leanaí, pátrún tinrimh na dtuismitheoirí sna bunscoileanna, agus go ndéanann múinteoir amháin leanaí ag leibhéal na bunscoile a theagasc.

Le meas ar chúinsí foriomlána na leanaí ag leibhéal na bunscoile:

1. Aithníonn na páirtithe agus glacann siad gur chóir go mbeadh tuismitheoir ábalta cruinniú foirmeálta a bheith acu le múinteoir ag am atá oiriúnach agus áisiúil. Murar féidir cruinniú mar seo a éascú ag cruinniú foirmeálta idir tuismitheoirí agus múinteoirí, déanfar coinne oiriúnach agus áisúil eile a thairiscint do thuismitheoir ar an ábhar céanna.

2. Tionólfar cruinniú idir tuismitheoirí agus múinteoirí amháin gach bliain i ngach bunscoil. Tarlóidh an cruinniú seo go hiondúil idir 3.15in agus beidh críoch leis ag 5.45in, mura bhfuil comhaontú eile ag an leibhéal áirithe idir na páirtithe ábhartha ar fad. Ar chaoi ar bith, ní tharlóidh an cruinniú tuismitheora/múinteora le linn ama teagaisc na scoile. Críochnóidh an scoil 15 nóiméad níos luaithe ar lá an chruinnithe foirmeálta tuismitheora/múinteora.

Níor chóir cruinnithe foirne agus cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a eagrú an lá díreach roimh nó díreach tar éis shosanna atá leagtha amach sa Scoilbhliain Chaighdeánaithe.

13.Sláinte agus Sábháilteacht

Tá freagracht ar Bhoird Bhainistíochta mar fhostóirí, soláthar a dhéanamh do Shláinte agus Sábháilteacht na bhfostaithe de réir an dlí reachtúil. Tá an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 ar an reacht is tábhachtaí. Reachtanna breise atá suntasach ná:

- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta), 1993 agus Rialacháin leasaithe 2001 agus 2003;
- An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus na Rialacháin agus Orduithe Gaolmhara
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Ceimiceach), 2001
- An tAcht um Dhliteanas Áititheoirí 1995
- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001 agus 2003
- An tAcht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2004.

Tá sonraí maidir leis na reachtanna seo le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Nuair atá Ráiteas Sábháilteachta á dhréachtadh, d'fhéadfadh an Bord cúnamh a fháil ó bhrainse áitiúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Tá seoladh agus uimhir theileafóin na hoifige áitiúil le fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, 10 Plás Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6620400. www.hsa.ie

Tá dualgas ar an mBord Bainistíochta de réir an Achta um Shláinte agus Shábháilteacht ag an Obair comhairliú lena gcuid fostaithe chun comhoibriú a chinntiú maidir le tionóiscí agus drochshláinte a chosc. Ba chóir don chomhairliúchán tarlú ar dhá leibhéal, le fostaithe agus le hIonadaí Sábháilteachta nó Coiste atá roghnaithe ag na fostaithe.

Feidhmíonn an comhairliúchán tosaigh chun comhairliú do bhaill foirne maidir leis na riachtanais a bhaineann le haidhmeanna agus riachtanais an Achta um Shláinte agus Shábháilteacht. D'fhéadfaí iarratas a dhéanamh ar an bhfoireann Ionadaí Sábháilteachta a thoghadh agus liosta de phriacail a thiomsú a bheadh le meas ag Oifigeach Sábháilteachta agus ag an mBord Bainistíochta.

Tá dualgas ar Bhoird Bhainistíochta chomh maith de réir an Achta um Shláinte agus Shábháilteacht go mbeadh Ráiteas Sábháilteachta ullmhaithe, a leagann amach conas ceisteanna Sláinte agus Sábháilteachta a bhainistiú laistigh den scoil. Cé go bhfuil riachtanas de réir dlí nach mbainfidh an Ráiteas Sábháilteachta ach amháin le fostaithe, tá sé molta gur chóir leasanna comhfhreagracha na ndaltaí agus cuairteoirí chun na scoile a thógáil san áireamh chomh maith.

Tá dualgas ar an mBord Bainistíochta a chinntiú go ndéantar monatóireacht rialta ar an Ráiteas Sábháilteachta agus nósanna imeachta gaolmhara atá acu, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh i gcomhairle le foireann na scoile.

14. Árachas

Tá sé mar dhualgas ar na hIontaobhaithe, i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta, clúdach árachais atá cuimsitheach a chur i bhfeidhm don scoil. (Féach Alt 19 de Bhunreacht na mBord agus Rialacha um Nósanna Imeachta 2007.

Cinnteoidh an Bord go mbeidh gach árachas i bhfeidhm agus cothabháilte mar atá riachtanach chun an scoil, an Bord agus na hIontaobhaithe a chosaint i gcoinne gach dliteanas poiblí agus in aghaidh torthaí faillí ó dhuine ar bith atá fostaithe ag an mBord, nó seirbhíseach nó gníomhaire de chuid an Bhoird, nó aon locht i bhfoirgnimh, áitribh, troscáin nó trealamh scoile trína bhféadfadh cailliúint nó damáiste tarlú do dhuine ar áitreabh na scoile.

Mar a leanas atá an seasamh maidir le scoileanna atá ag feidhmiú ó áitreabh atá faoi úinéireacht an Aire

Tá léas á thabhairt isteach, atá le feidhmiú idir an Aire Oideachais & Eolaíochta agus an pátrún ábhartha scoile, maidir le scoileanna atá ag feidhmiú in áitreabh atá faoi úinéireacht an Aire. Faoi théarmaí an Léasa, tá dualgas ar scoileanna árachas Dliteanais Phoiblí agus Dliteanais Fhostóra a thógáil amach, ach níl aon riachtanas maidir le clúdach a thógáil amach d'fhoirgnimh. Beidh na foirgnimh clúdaithe ag dliteanas an Stáit.

Cuirfear an léas i bhfeidhm de réir a chéile, ag tosú le scoileanna atá ag tosú amach in áitreabh atá faoi úinéireacht an Aire sa scoilbhliain 2007/8. Ina dhiaidh sin, cuirfear léasanna i bhfeidhm do scoileanna atá cheana féin ag feidhmiú in áitribh atá faoi úinéireacht an Aire. Tá sé beartaithe léasanna a chur i bhfeidhm do gach scoil chomh luath agus atá sé indéanta. Go dtí an tráth ina gcuirtear an Léas i bhfeidhm idir an Aire agus an Pátrún ábhartha, áfach, beidh dualgas ar scoileanna atá ag feidhmiú in áitribh atá faoi úinéireacht an Aire clúdach sásúil a bheith i bhfeidhm acu maidir leis na Foirgnimh, chomh maith le hárachas Dliteanais Phoiblí agus Dliteanais Fhostóra.

Beidh an beartas árachais ar fáil le scrúdú ag páirtithe ar bith gur suim leo.

15. An Scoilbhliain

Tá dualgas ar bhunscoileanna feidhmiú ar feadh tréimhse íosmhéide de 183 lá múinteoireachta le linn na scoilbhliana.

Leagann Imlitir na Roinne Oideachais 11/95 amach an méid ama atá riachtanach sa scoil, a chuimsíonn:

- 183 lá múinteoireachta sa scoilbhliain
- Tá 5 uair 40 nóiméad mar íosmhéid uaireanta treorach in aghaidh an lae (atá laghdaithe de 1 uair i gcás ranganna na Naíonán Sóisearach agus na Naíonán Sinsearach)

Tá na laethanta dúnta scoile a leanas cuimsithe sa 183 lá a thagraítear dóibh thuas:-

- Dúnadh Eisceachtúil (le faomhadh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta amháin)
- Laethanta inseirbhíse ina bhfuil faomhadh tugtha ag an Roinn dóibh roimh ré
- Laethanta saoire speisialta atá deonaithe ag an Aire Oideachais chun ócáid nó imeacht speisialta a chomóradh (m.sh. Lá Náisiúnta Mairgní srl.)
- Nuair a tharlaíonn dúnadh toisc scoil a bheith á húsáid mar Ionad Vótála

Tá socruithe caighdeánacha d'oscailt na scoileanna le linn na scoilbhlianta 2004-2008 aontaithe agus leagtha amach in Imlitir M21/04. Tá dualgas ar gach scoil cloí leis an socrú atá leagtha amach san Imlitir.

Cleachtadh reiligiúnach agus caighdeánú

Tá na socruithe atá leagtha amach in Imlitir M21/04 leagtha amach gan chlaontacht maidir le dúnadh ar laethanta áirithe, laistigh den riachtanas foriomlán de 167 lá ag an leibhéal iarbhunscoile agus 183 lá ag an leibhéal bunscoile, deachtaithe ag cleachtadh reiligiúnach atá riachtanach sna scoileanna faoi phátrúnacht na sainchreideamh nó na gcreideamh difriúla.

Nuair atá easpa maidir le líon laethanta roghnacha, is féidir le húdarás scoile roghnú lá cleachta reiligiúnach a úsáid do chuspóirí neamhtheagaisc nuair atá an scoilbhliain á pleanáil.

Eiseofar Imlitir nuashonraithe go gairid a chlúdóidh na blianta 2008 ar aghaidh.

Tá dualgas ar scoileanna an fhaisnéis a leanas a fhoilsiú i bhfoirm caighdeánach ag tús gach scoilbhliain:

- An scoilbhliain chaighdeánaithe náisiúnta
- An íosmhéid laethanta scoile sa scoilbhliain
- Féilire na scoile don scoilbhliain
- Líon iomlán na laethanta scoile agus laethanta dúnta na scoilbhliana

Ba chóir go ndéanfaí soiléir go bhféadfadh an féilire a bheith faoi réir athraithe toisc dúnadh nó cúis eisceachtúil, ach mar riail ghinearálta, déanfar dúnadh gan choinne a chúiteamh níos déanaí sa scoilbhliain.

Ba chóir do gach Bord Bainistíochta díospóireacht a dhéanamh go háitiúil le tuismitheoirí maidir leis an socrú praiticiúil a bhainfidh nuair a tharlaíonn dúnadh ar fhógra gearr. Ina theannta sin, má tá athruithe ar an bhféilire scoile, ba chóir fógra foirmeálta a eisiúint do thuismitheoirí láithreach.

16. Airgeadas

Beidh córas cuntasaíochta atá sásúil ag brath ar mhéid na scoile agus ar éagsúlacht a gcuid gníomhaíochtaí. Tá teimpléad ríomhairithe de chóras cuntasaíochta éifeachtach le fáil, ar iarratas, ó Rannóg Riaracháin na Bunscoile 2, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Corr na Mada, Baile Átha Luain, Co. Na hIarmhí agus tá sé le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie .

Caithfear feidhmiú na gcuntas scoile a chomhlíonadh de réir Ailt 18 an Achta Oideachais 1998 a shonraíonn:

18 (1) Ach amháin i gcás na scoile atá bunaithe nó cothabháilte ag coiste gairmoideachais, coinneoidh an bord cuntais chearta agus rialta agus taifid ar gach airgead a aimsíodh nó caiteachas maidir le gach airgead a tabhaíodh agus a chinntiú go bliantúil go bhfuil gach cuntas iniúchta go cruinn nó deimhnithe de réir an chleachtais is fearr cuntasaíochta; agus

(2) Beidh cuntais atá coinnithe de bhun na rannóige seo curtha ar fáil ag an scoil a bhaineann le scrúdú ag an Aire agus ag tuismitheoirí na ndaltaí sa scoil, chomh fada agus a bhaineann na cuntais sin le hairgead atá soláthraithe de réir Ailt 12.

Caithfear cuntais a chothabháil chomh maith de réir Ailt 12 agus 19 de Bhunreacht na mBord agus Rialacha um Nósanna Imeachta.

Tá an Bord Bainistíochta freagrach do rialú agus stiúradh na scoile, úsáid na n-acmhainní scoile agus bainistíocht na leithdháiltí buiséadach déanta don scoil ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Leis an dualgas seo a chomhlíonadh, caithfidh an Bord a chinntiú go bhfuil córas rialaithe, tarmligin agus cuntasachta i bhfeidhm atá sásúil, chun feidhmiú éifeachtach agus réidh a chinntiú maidir le seirbhísí scoile agus riarachán na scoile.

Tuairiscí Scoile

Tá na Boird Bhainistíochta freagrach as “tuairiscí” áirithe a dhéanamh don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus comhlachtaí reachtúla eile.

Soláthraíonn an Daonáireamh Bliantúil Bunscoile faisnéis maidir le rollú agus soláthar foirne na scoile ar an Dé hAoine deiridh de gach bliain. Tá an fhaisnéis seo mar bhunús do mhaoiniú na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, leithdháileadh múinteoirí, íocaíochtaí deontais éagsúla, srl. Ar an ábhar seo, tá dualgas ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta rollaí tinrimh a choinneáil go cruinn agus a choinneáil do scrúdú féidearthach. **Tá sé riachtanach go seolfaí na foirmeacha Daonáirimh ar ais go pras agus d’fhéadfadh moill ar bith sna cúrsaí seo moill a chur ar íocaíochtaí áirithe.** (Nótáil: níor chóir go gcuimseofaí daltaí atá á gcothabháil ar na rollaí, faoi Alt 20 (4) an Achta Oideachais (leas), 2000, sna foirmeacha sin.

17.Foirgnimh/Cóiríocht

Comhairlítear do Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go bhfuil clár pleanáilte agus éifeachtach de chothabháil agus deisiúchán rialta agus gnáthaimh i bhfeidhm sa scoil le cinntiú go ndéantar sealúchas na scoile agus iomláine na bhfoirgneamh agus seirbhísí a chothabháil. Tá treoir maidir le clár cothabhála agus deisiúcháin cosúil leis a réadthiomnú agus a fhorfheidhmiú sonraithe i "Maintenance Matters", foilseachán a rinne Aonad Pleanála & Foirgníochta na Roinne a scaipeadh ar phobail scoile. Ba chóir go mbeadh an Deontas Mionoibreacha, a íoctar le scoileanna go bliantúil, sásúil chun ceadú do chothabháil agus deisiúcháin gnáthaimh atá le comhlíonadh ar bhonn pleanáilte. Cuidíonn an Deontas um Oibreacha Samhraidh le scoileanna tabhairt faoi fheabhsúcháin shuntasacha ar chreatlach na scoile agus ar shuiteálacha meicniúla agus leictreachais san áitreabh le linn na laethanta saoire.

Tá sonraí maidir leis na heilimintí difriúla de Chlár Foirgníochta agus Nuachóirithe na Scoileanna le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie. Is féidir foirmeacha iarratais ar mhaoiniú caipitil faoi shraitheanna difriúla an chláir a íoslódáil ón láithreán gréasáin.

I gcásanna ina bhfuil cóiríocht bhreise de dhíth ar scoil, comhairlítear go láidir do Bhoird Bhainistíochta a mheas go luath conas mar a dhéanfar í a sholáthar. Ba chóir do Bhoird a bheith aireach ar na tréimhsí fada a bhaineann le ceadúnas pleanála chomh maith le ceisteanna maidir le soláthar na sainchomhairleoirí, soláthraithe, conraitheoirí srl. agus an tréimhse fhírinneach foirgníochta agus suiteála.

Is féidir ceisteanna nó ábhair ábhartha eile ar bith a ardú le hAonad Pleanála & Foirgníochta na Roinne a sholáthróidh treoir, cúnamh agus comhairle. Tá sonraí teagmhála iomlána don Aonad le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

18.An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)

Leanann an Roinn ag tacú le hathruithe struchtúrtha agus dlíthiúla atá riachtanach chun cinntiú go ndéantar déileáil le riachtanais speisialta oideachais na leanaí. Don chríoch seo, tá roinnt feidhmeanna riaracháin a bhí comhlíonta ag an Roinn roimhe seo, anois á gcomhlíonadh ag CNOS. Cuimsíonn ról na Comhairle cuid de na príomhfheidhmeanna a ghlacadh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le soláthar speisialta oideachais. Cuimsítear na feidhmeanna a leanas:

- Taighde a chomhlíonadh agus sainchomhairle a sholáthar don Aire ar riachtanais oideachais na leanaí atá faoi mhíchumas agus soláthar na seirbhísí gaolmhara
- Raon seirbhísí a sholáthar ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta ionas gur féidir riachtanais oideachais na leanaí atá faoi mhíchumas a aithint agus soláthar a dhéanamh dóibh
- Comhordú le Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, le scoileanna agus comhlachtaí ábhartha eile, maidir le soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta a bhaineann le leanaí atá faoi mhíchumas

Tríd an méid seo a dhéanamh, beidh tionchar fíor-shuntasach ag an gComhairle ar sheachadadh seirbhísí trí fheidhmiú ag an leibhéal áitiúil agus idirghníomhú le scoileanna, daltaí agus tuismitheoirí chun rochtain thapaidh a chinntiú do na leanaí seo maidir leis an oideachas is fearr atá oiriúnach dá riachtanais. Tá an Chomhairle, lena líonra de bhreis agus 80 Timire um Riachtanais Speisialta Oideachais (TRSO), ag soláthar struchtúir maidir le seirbhís oideachais atá tapaidh agus éifeachtach a sheachadadh do leanaí agus teaghlaigh atá ag déileáil le míchumas ar bhonn laethúil. Ag obair go háitiúil i measc an phobail, tá na TRSO mar phointe lárnach teagmhála do thuismitheoirí agus scoileanna. Tá ainmneacha agus sonraí teagmhála ag gach scoil dá TRSO áitiúil. D'fhéadfadh tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh go díreach lena TRSO áitiúil chun riachtanais oideachais speisialta an linbh a phlé, ag baint leasa as na sonraí teagmhála atá le fáil ar www.ncse.ie

AGUISÍN A

NÓS IMEACHTA LE GEARÁIN A DHÉANAMH CMÉ/NA BAINISTÍOCHTA

Tháinig Cumann Múinteoirí Éireann agus ionadaithe Bainistíochta na Bunscoile ar chomhaontú maidir le nós imeachta chun déileáil le gearáin ó thuismitheoirí faoi mhúinteoirí. Is é an cuspóir atá leis ná réiteach na ndeacrachtaí a éascú ar bhealach atá aontaithe agus cothrom. Leagann an comhaontú amach an próiseas atá le leanúint i gcúig chéim, chun gearán a thabhairt chun cinn agus an amscála sonrach atá le leanúint ag gach céim faoi leith.

Nóta tábhachtach

Déanfar nósanna imeachta athbhreithnithe chun gearáin ó Thuismitheoirí a phróiseáil a fhorordú do gach scoil faoi Alt 28 an Achta Oideachais 1998. Nuair atá siad ar fáil, seolfar na nósanna imeachta athbhreithnithe chuig gach scoil agus tiocfaidh siad in áit na nósanna imeachta atá anseo.

Réamhrá

Ní féidir leis an mBord Bainistíochta scrúdú foirmeálta a dhéanamh ach amháin ar ghearáin faoi mhúinteoirí atá scríofa agus sínithe ag tuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí, seachas nuair a mheasann an Bord go bhfuil na gearáin:

(i) ar cheisteanna a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil agus atá le tagairt chun na Roinne Oideachais;

(ii) gearáin shuaibhreosacha nó chráiteacha nach bhfuil tionchar acu ar obair an mhúinteora sa scoil; nó

(iii) gearáin inar féidir le ceachtar páirtí leas a bhaint as an dlí nó nós imeachta reatha eile.

D'fhéadfadh gearáin neamhscríofa nach bhfuil sna catagóirí thuas a bheith próiseáilte go neamhfhoirmeálta, mar atá leagtha amach i gCéim 1 den nós imeachta seo.

Céim 1

1.1 Ba chóir do thuismitheoir/caomhnóir gur mian leo gearán a dhéanamh, mura bhfuil socruithe áitiúla atá difriúil i gceist, casadh leis an múinteoir ranga chun iarracht a dhéanamh réiteach a fháil maidir le gearán.

1.2 Nuair nach bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir ábalta an gearán a réiteach leis an múinteoir ranga, ba chóir dó/di casadh leis an bPríomhoide chun iarracht a dhéanamh réiteach a fháil.

1.3 Má tá an gearán fós gan réiteach, ba chóir don tuismitheoir/chaomhnóir an cheist a ardú le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta chun iarracht a dhéanamh réiteach a fháil.

Céim 2

2.1 Má tá an gearán fós gan réiteach agus más mian leis an tuismitheoir/caomhnóir an cheist a leanúint níos faide, ba chóir dó/di gearán a dhéanamh i scríbhinn le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

2.2 Ba chóir don Chathaoirleach nádúr beacht an ghearáin scríofa a chur in iúl don mhúinteoir agus iarracht a dhéanamh réiteach a fháil ar an gceist idir na páirtithe, laistigh de 5 lá ó aimsiú an ghearáin scríofa.

Céim 3

3.1 Mura bhfuil réiteach neamhfhoirmeálta maidir leis an ngearán, ba chóir don Chathaoirleach, faoi réir údaráis ghinearálta an Bhoird agus seachas sna cásanna sin ina mheasann an Cathaoirleach go bhfuil údarás áirithe an Bhoird riachtanach:

(a) cóip den ghearán scríofa a sholáthar don mhúinteoir; agus

(b) cruinniú a eagrú leis an múinteoir agus leis an bPríomhoide, nuair a bhaineann, chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach an ghearáin. Ba chóir do chruinniú mar seo tarlú laistigh de 10 lá ó aimsiú an ghearáin scríofa.

Céim 4

4.1 Má tá an gearán fós gan réiteach, ba chóir don Chathaoirleach tuairisc foirmeálta a dhéanamh chuig an mBord laistigh de 10 lá ón gcruinniú a thagraítear dó i 3.1(b).

4.2 Má mheasann an Bord go bhfuil an gearán gan bhunús, ba chóir go gcuirfí seo in iúl don mhúinteoir agus don ghearánaí laistigh de 3 lá ó chruinniú an Bhoird.

4.3 Má mheasann an Bord go bhfuil bunús leis an ngearán nó go bhfuil breis fiosraithe de dhíth, leanann siad mar a leanas:

(a) ba chóir insint don mhúinteoir go bhfuil an fiosrú ag bogadh ar aghaidh chuig an chéad chéim eile;

(b) ba chóir go soláthrófaí cóip d'fhianaise scríofa ar bith i dtaca leis an ngearán don mhúinteoir;

(c) ba chóir go ndéanfaí iarratas ar an múinteoir chun ráiteas scríofa a sholáthar don Bhord mar fhreagra ar an ngearán;

(d) ba chóir deis a thabhairt don mhúinteoir a c(h)ás a chur i láthair an Bhoird. Bheadh an múinteoir i dteideal cara a bheith i láthair agus cúnamh a fháil uathu ag cruinniú den chineál seo;

(e) d'fhéadfadh an bord cruinniú a eagrú leis an ngearánaí má mheasann siad go bhfuil riachtanas lena leithéid. Bheadh an gearánaí i dteideal cara a bheith i láthair a gus cúnamh a fháil uathu ag cruinniú den chineál seo; agus

(f) tionólfar cruinniú an Bhoird Bainistíochta a thagraítear dó i (d) agus (e) laistigh de 10 lá ón gcruinniú a thagraítear dó i 3.1(b).

Céim 5

5.1 Nuair atá an fiosrú comhlánaithe ag an mBord, cuirfidh an Cathaoirleach cinneadh an Bhoird in iúl i scríbhinn don mhúinteoir agus don ghearánaí laistigh de 5 lá ó chruinniú an Bhoird.

5.2 Beidh cinneadh an Bhoird gan sárú.

5.3 Déanfar athbhreithniú ar an modh déanta gearáin seo tar éis trí bliana.

5.4 D'fheadfadh Comhlachtaí Bainistíochta nó CMÉ tarraingt siar ón gcomhaontú nuair atá fógra trí mhí tugtha go bhfuil a leithéidí beartaithe.

Is ionann 'laethanta' agus laethanta scoile sa chomhaontú seo.